
# Iorras Aithneach 2004

## *Ceantar Charna agus Chill Chiaráin*













**An Fóram do Phobal Iorras Aithneach**

**Luach €5**

NDP
PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA




pobal




forbairt

teanga



cultúr










*ag obair ar son phobal*
*na Gaeltachta agus*
*na Gaeilge*



# *Údarás na Gaeltachta*

*Údarás na Gaeltachta*
*Na Forbacha, Gaillimh*
*Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101*
*Ríomhphost: eolas@udaras.ie*
*http://www.udaras.ie*

# EAGARFHOCAL

Seo é an chéad uair ar fhoilsigh muid an Irisleabhar seo le chúig bhliana. Is díol suntais é an fháilte a chuir an pobal roimh an scéala go mbeadh an Irisleabhar ag teacht amach aríst. Tá cóipeanna do Iorras Aithneach feicithe chomh fada ó bhaile le Niagara Falls, San Francisco, an Astráil, Londain srl.



**Máirtín Ó Catháin, Eagarthóir, Iorras Aithneach 2004**

Tugann an Irisleabhar seo pictiúr do chumas agus do ghníomaíocht na ndaoine i bpobal Iorras Aithneach sa mbliain 2004.

Ach, beagbeann ar na hiarrachtaí móra atá déanta, tá an drochscéal san Irisleabhar seo freisin:

* Laghdú 50% ar an líon gasúr i mbunscoileanna an cheantair le 15 bliain;

* Laghdú 75% ar jabanna i bpríomh thionscail an cheantair - an fheilméireacht bradán - le 15 bliain;

* An pobal ag fáil níos sine.

Ní féidir le pobal ar bith maireachtáil má leanann an cineál sin claonadh ar aghaidh.

Tá Tasc Fhórsa dá bhunú ag Údarás na Gaeltachta agus tá saothar mór amach roimhe.

Ach, ag teacht ar ais ar phort an dóchais, tá dul chun cinn déanta in éadan na tuille.

- An Teach Altranais - seirbhís iontach;
- An Scéim uisce - ag tosnú san athbhliain;
- An Scéim Tithe ar phraghas réasúnach i Ruisín na Mainíoch;
- Dóchas go mbeidh rath ar an scéim trosc atá ar bun san Saotharlann Mara.

Tá ábhar comhrá ansin do oícheanta fada an Gheimhreadh.

Go raibh rath oraibh uilig - muintir Iorras Aithneach sa mbaile, agus i bhfad ó bhaile, an Nollaig seo.

*Máirtín Ó Catháin*

## FOIREANN IRISLEABHAR IORRAS AITHNEACH

Rinne Áine Máire Ní Fhlatharta obair mhór ar fhógraíocht agus ar rudaí eile a bhain leis an Irisleabhar. Rinne Máirtín Ó Gríofa go leor oibre ar phictiúir. Chuir an tAthair Peadar Ó Conghaile an cuntas ar na mbás/breith/pósadh i dtoll a chéile. Thug go leor daoine pictiúir agus eolas.

Seo iad an dream a rinne comhaireamh ar an daonra:
Bairbre Uí Neachtain, Colm Ó Cuaig, Ciarán Ó Maoláin, Micheál Breathnach (Michael Phat Thomáis), Tomás Ó hIarnáin, Máire Ní Uaithnín, Áine Máire Uí Cheannabháin, Maitias Ó Coirbín, Peige Úí Choirbín, Martina Níc Giolla Phádraig, Siobhán Ní Mhaoilchiaráin agus Susan Uí Chatháin.

Míle buíochas aríst le Sorcha Ní Chonghaile i gClódóirí Lurgan a rinne an leagan amach ar an Iris.

Thug go leor comhluchtaí agus eagraíochtaí fógraí agus tá muid an-bhuíoch dóibh.

Rinne Údarás na Gaeltachta a gcion féin, agus tuilleadh, aríst.

## AN CLÚDACH TOSAIGH

**Ar chlé, in uachtar:** Caiptín lán-tosach Charna, Seán Ó Cathasaigh, ar an ionsaí in aghaidh Chluain Beirn.

**Ar dheis, in uachtar:** Ar chlé, Breandán Ó Cadhain agus ar dheis, Micheál Ó Caodhna as Gabhla ag Seo Chaipilíní Chonamara sa gClochán i mí Lúnusa.

**Ar chlé, sa lár:** Na chéad altraí as na Filipíní a tháinig ag obair go Teach Altranais Charna i dtús 2004. Ó chlé: Lorraine Mercado, Binky Romanilos Logarta, Emma Ezperanza.

**Ar dheis, sa lár:** An tAthair Ciarán Mac an Iomaire sa mbaile i Muigh Inis as Sao Paulo sa mBrasaíl sa mBealtaine seo caite- ag beannú currach Mháirtín Uí Ghríofa.

**Ar chlé, in íochtar:** Síleagh, Brighid agus Áine Ní Ghríofa ag dul chun farraige.

**Ar dheis, in íochtar:** Tomás Ó Briain ag cur fáilte roimh an gComhairleoir Seosamh Ó Cuaig nuair a shroich sé Cill Chiaráin, théis an Chomhaireamh.

## AN CLÚDACH CÚIL

Conchubhair Ó Cadhain, fathach lár páirce Charna ag imirt i gCraobh Peile na Gaillimhe in aghaidh an Chreagáin/Maigh Locha. D'imir Carna 8 gcluiche i gCraobh Sinsir Peile na Contae i 2004 - 5 cinn acu in aghaidh an Chreagáin/Maigh Locha. Bhí trí chluiche ar chomhscór idir na foirne seo.

# SEOLTAÍ SÉIDTE

## SETTING SAIL




## 43 THAIFEAD STAIRIÚLA

Amhráin thraidisiúnta agus ceol ar 2 CD agus leabhar eolais san áireamh

SEÁN 'ac DHONNCHA SEOSAMH Ó hÉANAÍ AODH Ó DUIBHEANNAIGH ÁINE Ní GHALLCHOBHAIR SEÁN de hÓRA DIARMUID Ó FLATHARTA MÁIRE Nic DHONNCHADHA SEAN RYAN DENIS MURPHY JOE DEVLIN JOHNNY PICKERING SEAN McLAUGHLIN PADDY CANNY TOMMY RECK WILLIE CLANCY VINCENT BRODERICK JOE BURKE

Ar fáil i siopaí ceoil nó buail isteach chuig
Gael Linn, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2
www.gaellinn.com

GAEL LINN

## AN FÓRAM DO PHOBAL IORRAS AITHNEACH

# AG OBAIR IN IMEACHT NA mBLIANTA

### An crann cumarsáide teileafón póca thoir sna cnoic

B'éigean troid mhór a dhéamamh leis an gcrann sin a chur ansin …agus bhí fonn ar chupla duine cur ina aghaidh, san am! Ní raibh mórán teileafóin póca san áit san am. Cé mhéid ceann acu sa bpobal anois?

### An balla cosanta ar thaobh na farraige ag reilig Mhuighrois

Bhí an reilig i mbaol nuair a troideadh an cás sin.

### Ná spásanna páirceála ag na reiligeacha

Níl siad sách maith fós - ná leath sách maith - ach tá siad i bhfad níos fearr ná an bhail a bhí ar thimpeallacht na reiligeacha nuair a troideadh an cás seo.

### Teach Altranais Charna

Bhí láimh mhór ag gluaiseachtaí pobail san iarracht sin.

### Áras Shorcha Ní Ghuairim

Ar cuimhin linn anois an bhail a bhí ar an "sean-Tech"……na cruinnithe le Pádraig Ó' Céidigh, le Gearóid Ó Tuathaigh, le Peadar Mac an Iomaire ….agus, sa deireadh, oscailt Aras Shorcha Ní Ghuairim, ceannacht an Chonvent srl.

### Bóithre

Feachtas ag dul ar aghaidh i gcónaí.

### Forbait Eastáit Údarás na Gaeltachta

**Feachtas:** Crèche
Ionad Teicneolaíocht

### Tacaíocht don Saotharlann Mara i Muigh Inis

Plean beagnach réitithe anois do fhorbairt mhór ansin amach anseo. Scéim an troisc ar bun ann. Aitheantas poiblí tugtha ag an Saotharlann don láimh thábhachtach a bhí ag Fóram Iorras Aithneach san obair seo.

### Scéim Tithe Comhairle Contae i nGarraí an tSagairt agus an ceann nua "Affordable" i Ruisín na Mainíoch

B'éigean socruithe a dhéanamh faoin talamh sna cásanna sin…cuid dó an-chasta, agus an brú a choinneáil ar an gComhairle Contae.

Tithe ag 32 teaghlach dá bharr.

### An Scéim Uisce - luach €20m.

An beart is mo, is dóigh, atá déanta de bharr na gluaiseachta forbartha pobail. Is gearr go dtosóidh sé.

### Na scéimeanna séarachais do Charna agus do Chill Chiaráin

Bhí siad ag tóin an phoill uilig nó gur throid an ghluaiseacht fhorbartha pobail an cás. Tá siad le tosnu sa tréimhse 2004-2006.

### Ionad Fiontair agus monarcha nua ar Eastáit Údarás na Gaeltachta

Spreag muid na forbairtí seo.

# Fair play dhíbhse!

*Dúirt duine éicint go raibh na pictiúir seo atá againn do Fhóram Iorras Aithneach san Irisleabhar le fada! Tá freisin. Nár laga Dia iad na daoine seo a choinnigh leis agus a thacaigh leis an obair throm a bhí, agus atá ar bun i gcónaí. Tá roinnt daoine nua linn freisin agus tá liosta na n-ainmneacha uilig anseo. Munar éirigh linn pictiúr a fháil díot, is de bharr brú agus deifir é.*

**Máirtín Ó Catháin, Eagarthóir**

## AN FÓRAM DO PHOBAL IORRAS AITHNEACH, 2004

*Seo iad na baill agus na rúnaithe a thug seirbhís don Fhóram i 2004.*

## COISTE NA gCATHAOIRLEACH



Máire Ní Uaithnín



Tomás Ó Nídh



Máirtín Ó Catháin




Ciarán Ó Maoláin

## AN COISTE




Máire Uí Chuinneáin



An Dochtúr
Mícheál Ó Cathasaigh



Louis Mac an Iomaire



Mícheál Breathnach



Susan Uí Chatháin



Máire Uí Mhaoilchiaráin



Roibeárd P. Ó hÉilí




Ann Marie Ní Fhlatharta



Máire Uí Loideáin



Bairbre Uí Mhaoilchiaráin



Gearóid Ó Cosgordha



Alison Ní Chadhain




Mícheál Ó Maoláin




Coilín Ó Cualáin



Máire Áine Ní Neachtain



Macdara Ó Cuaig



Tomás Ó hIarnáin



Eibhlín Ní Mhaoláin




Máire Uí Bholguidhir



Seosamh Ó Cuirrín



An tAth. Peadar Ó Conghaile




Rosario Ní Shúilleabháin



Bridget Keaney-Earl



Máirtín Ó Gríofa



Dara Ó Flatharta

## Baill eile do Fhóram Iorras Aithneach

Siobhán Ní Mhaoilchiaráin

Máire Uí Iarnáin


RTÉ RAIDIÓ
NA GAELTACHTA
www.rte.ie/rnag
92 - 94 FM & 102.7FM

# Oíche dhubh ar Chladaigh Mhuigh Inse

## ….an 17ú Meán Fómhair, 2004

**Oíche thragóideach a bhí san 17ú Meán Fómhair, 2004, sa taobh seo tíre. Fanfaidh sí i gcuimhne mhuintir an phobail seo go deo. Sin í an oíche ar bhásaigh ceathrar fear nuair a chuaigh an bád iascaigh, an *St. Oliver*, ar na carraigreacha ar oileán Lachan, siar ó chósta Mhuigh Inse.**

Bhásaigh Josie Ó Conghaile (Josie Mhattie Sheáinín) as Leitir Ard san bpobal sin againn féin. Bhásaigh Mikey Mullins, ocht mbliana déag d'aois as an mBaile Nua sa gCloigeann…agus bhásaigh beirt a mba as Inis Mór in Árainn iad ó dhúchas - John Ó Dioráin as Fearann an Choirce agus Micheál Soney Ó Fátharta as Eochaill.

Ba le John Ó Dioráin an *St. Oliver*. Bhí sí 65 troigh ar fhaid agus 100 tonna meáchain. Bhí sí thiar sa gclós oibre i Leitir Ard ag Josie Ó Conghaile agus roinnt oibre dá déanamh uirthi. Bhí John Ó Dioráin agus Micheál Ó Fátharta dá tabhairt ar ais go Ros a'Mhíl. Bhíodh Mikey Mullins ag obair ar an mbád agus chuaigh Josie Ó Conghaile in éineacht leo le láimh chúnta a thabhairt dóibh.

D'fhág siad Leitir Ard am éicint idir an 7 agus an 8 trathnóna. Bhí sé garbh as gaoithe aniar agus aniar aneas. Shéid sé níos tréine fós idir an 8 agus an 9; fíor-dhroch oíche a bhí inti an uair sin idir ghála agus báisteach. Is cosúil gur theagmhaigh an mí-ádh don *St. Oliver* an-ghar don 9 a chlog. Pé ar bith caoi a ndeachaigh sí ar na carraigreacha, briseadh ina dhá leith í. Tá na farraigí contúirteach thart ar oileán Lachan agus d'fhéadfadh sé gur rug maoim mhór ar an *St. Oliver*. Pé ar bith caoi ar tharla sé ní raibh sé de thriail ag foireann an bháid scéala a chur amach go raibh siad i dtrioblóid. Tá deiseanna speisialta éigeandála ar bháid mar seo a chuireann comhartha amach nuair a bhíonn trioblóid mhór orthu - sin é a tharla sa gcás seo.

Bhí helecaptar an Gharda Cósta agus Bád Tárrthála Árann ar an láthair gan mórán achair agus thángthas ar an *St. Oliver* ar na carraigreacha théis roinnt tóraíochta. Ach ba ghearr go mba léir nach dtiocfadh aon nduine slán. Fuarthas corp Mhicheál Sonny Ó Fátharta ar an Trá Mhóir i Muigh Inis théis uair an mheán-oíche. An lá d'ár gcionn, fuarthas corp Josie Mhattie Sheáinín agus Mikey Mullins ar oileán Lachan. An Aoine d'ár gcionn - seachtain théis na tragóide - fuarthas corp John Dirrane, gar do Oileán Lachan.

Bhí Micheál Sonny Ó Fátharta agus John Ó Dioráin ina gcónaí in Indreabhán agus tá an bheirt acu curtha i reilig an Chnoic i gCois Fharraige. Tá Josie Ó Conghaile - Josie Mhattie Sheáinín - curtha i reilig Mhuighrois i gCarna agus tá Mikey Mullins curtha i reilig an Chloiginn.

Suaimhneas síorraí dóibh uilig.



**An tóraíocht ar chósta Mhuigh Inse. An Héileacaptar san aer. Oileán Lachan siar díreach.**


CÉ THÚ FÉIN?
TG4
Súil Eile

# Bhásaigh siad i dtragóid an *St. Oliver*

## 17ú Meán Fómhair, 2004



Josie Ó Conghaile - Josie Mhattie Sheáinín - as Leitir Ard.



Mikey Mullins - 18 bliain d'aois - as an mBaile Nua, an Cloigeann.

# CUAIRT AR AN DÁIL

### Údar Dóchais

Thug toscaireacht ó Fhóram Iorras Aithneach cuairt ar an Dáil ar an 9ú Nollaig, 2004. Bhí an toscaireacht ag iarraidh go mbunófaí Naíolann i gCarna agus go dtabharfaí tuilleadh cúnamh de na dochtúir i gceantar Charna agus Rosmuc. Chas an toscaireacht leis an Aire Dlí agus Cirt, Michael McDowell agus le Príomh Chomhairleoir an Tanáiste Mary Harney.

### An Toradh

Tugadh éisteacht mhaith ar an gcás go gcuirfeadh an Stát dochtúr breise ar fáil do cheantar Rosmuc/Charna. Iarradh freisin go gceapfaí Physiotherapist i gCarna.

Bhí an toscaireacht dóchasach go maith théis an chruinnithe leis an Aire McDowell go mbeadh seans ar bhreis agus milliún euro le haghaidh na Naíolainne am éicint an bhliain seo chugainn.

# *Arramara Teo.*

*Cill Chiaráin,*
*Conamara,*
*Co. na Gaillimhe*

**Fón**

095 33404/33417

**Facs**

095 33494

e phost: info@arramara.ie

**www.arramara.ie**

# Teach Altranais Charna
## - seirbhís iontach sa gceantar



**'Speáin torthaí suirbhé a rinneadh sa gceantar seo i ndeireadh na n-ochtóidí go raibh Teach Altranais ar an rud ba mhó a theastaigh ó mhuintir na háite. Thóg sé iarracht an-mhór le aon bhliain déag anuas leis an tseirbhís sin a chur ar fáil. Sé Coiste na nAosach Teo -gluaiseacht an phobail - a chur bun agus borradh faoin iarracht, agus a choinnigh leis go deireadh. Tháinig infheisteoirí príobháideacha, Údarás na Gaeltachta agus an Roinn Sláinte isteach sa tionscnaimh de réir a chéile.**

Anois, tá áit sa Teach Altranais ag 35 duine anois agus gan é bliain oscailte fós. Tá spás do 50 uilig ann. Tá réimse seirbhísí eile ann do aosach an cheantair, seirbhísí fisioteiripe don phobal agus 25 post.

Ní áibhéil ar bith a rá go bhfuil sé ar cheann de na Tithe Altranais is breátha sa tír anois.

Tá an Dochtúr Micheál Ó Cathasaigh - dochtúr Charna - agus Sally Uí Chathasaigh, S.R.N., ina Stiúrthóirí ar an Ionad.

10th ANNIVERSARY
MRI
Martin Ryan Institute
Institiúid Mhairtín Uí Riain
1994 - 2004

# Saotharlanna MRI Charna

Ag tacú leis an iascaireacht agus le feilméireachta na mara agus na gcladaí i gConamara leis an taighde atá dá dhéanamh againn i Muigh Inis i gCarna.

**Támíd fíorbhuíoch don Fhóram do Phobal Iorras Aithneach Údarás na Gaeltachta as ucht a gcuid tacaíocht do pleannana forbartha i Muigh Inis.**

# Anoir as an Domhan Thoir

## *Altraí as na Filipíní i gCarna*

**Tháinig triúr ban óg le chéile in Aerphort Manila, príomhchathair na nOileán Filipíneacha, ar an 29ú Eanáir, 2004 - Binky Romanilos Logarta, Emma Esperanza agus Lorraine Mercado. Ba as áiteacha éagsúla sna nOileáin Fhilipíneacha iad; níor chas siad ar a chéile ariamh roimhe sin. Ní raibh duine ar bith acu taobh amuigh dá dtír dhúchais ariamh roimhe sin, ach anois bhí an triúr ag dul go háit i bhfad ó bhaile - bheadh siad ina mbanáltraí i dTeach Altranais Charna i gConamara.**

Thug an chéad eitealán iad chomh fada le Kuala Lumpur, príomh chathair Mhalaysia, tír atá in aice na Síne. Cuid mhaith do cheithre huair an chloig a thóg an aistir sin. Théis dóibh scaitheamh a chaitheamh san aerphort ansin, chuaigh siad ar bord an dara heitealán; bhí siad 12 uair an chloig ar an eitealán seo sul ar shroich siad Vienna san Ostair. Ba ansin a chonaic na mná seo sneachta don chéad uair ariamh! Théis dóibh scaithín eile a chaitheamh san aerphort sin, chuaigh siad ar bord eitealáin eile a thug iad go Heathrow i Londain. Ansin, ní raibh rompu ach aistir bheag bhídeach i gcomórtas leis an treabhadh a bhí déanta acu trasna cuid mhaith don domhan roimhe sin - Londain go Baile Átha Cliath.

Tá Binky, Emma agus Lorraine i dTeach Altranais Charna ó shin. Tá siad ar thriúr imeasc na gcéadta altraí as na Filipíní atá ag obair in Éirinn anois - munach altraí na tíre sin, ba dhona an bhail a bheadh ar chóras na hOspidéal agus na dTithe Altranais in Éirinn. Tá altraí faighte an-ghann sa tír seo agus is mór is fiú go bhfuil altraí as tíortha thar lear ag iarraidh a theacht anseo. Ach an oiread le go leor áiteacha eile, ba dheacair do Theach Altranais Charna coinneáil ag imeacht munach an cúnamh as na hOileáin Fhilipíneacha.

Tá an fuacht ar an rud is mo a dtugann altraí na Filipíne suntas dó ach a dtagann siad go hÉirinn. Níl Geimhreadh ar bith acu sna Filipíní; bíonn an teocht suas go dtí 25 céim celsius sa gcuid is mo don tír ar feadh na bliana uilig. Faigheann siad roinnt báistí ach uair sa gcéad a fháigheann siad lá báistí. Is dóigh go bhféadfá an tír ina mbíonn sé ina Shamhraidh i gcónaí a thabhairt ar!



**Ag aerphort Kuala Lumpar i Malaysia ar a mbealach go Carna, Conamara i mí Eanáir, 2004. Ó chlé: Lorraine Mercado, Emma Ezperanza, Binky Romanilos Logarta.**

Ó thaobh cúrsaí airgid de, is fiú go mór do na h'altraí as na Filipíní a theacht go hÉirinn. In imeacht míosa in Éirinn, d'fhéadfadh siad an oiread a shaothrú agus a bheadh acu sna Filipíní théis bliain iomlán oibre. Is cinnte gur iontach an bhuntáiste atá ag baint leis sin agus tá cuimse altraí ar fud na bhFilipíní atá ag faire ar a ndeis le theacht chun na tíre seo. Tá cáil mhaith ar Éirinn imeasc na n-altraí Filipíneacha. Ach, fiú agus go bhfuil buachtáil mhaith airgid ag baint le dhul ag obair in Éirinn, is mór go deo an iobairt í ….go háirithe do mhná pósta.

D'fhág Binky Romanilos Logarta páiste dhá mhí ina diaidh sa mbaile nuair a tháinig sí go Carna. Níor'bh é an t-am ba chóiriúla de é, ach ní ligfeadh sí an deis amú nuair a fuair sí an scéala go raibh Teach Altranais Charna sásta í a fhostú. Tá beirt ghasúr eile aici féin agus a fear, Henry - cailíní chúig bhliana agus seacht mbliana d'aois.

Bíonn Henry ag tabhairt éisc ó chalaphoirt go dtí an margadh sa leorraí beag atá aige.

Chuaigh Binky ar ais abhaile ar chuairt 6 seachtainí i mí Dheireadh Fómhair. Bhí laetheanta beirthe ag beirt de na gasúir chuns bhí sí sa mbaile. Tá bliain agus dhá mhí eile le déanamh aici nuair a thiocfaidh sí ar ais go Carna, sul a gcríochnóidh a conradh oibre anseo.

Tá an bheirt bhanaltra eile as na Filipíní atá ag tosnú linn anois pósta freisin agus clann acu.

Ní hionann an saol sóisialta agus siamsaíochta atá ag muintir na Filipine agus atá againne sa tír seo. Ní nós leis na mná a dhul chuig tithe tábhairne, ar chor ar bith. Ní ólann triúr de na haltraí as na Filipíní atá anseo i dTeach Altranais Charna alcól ar bith; blaiseann an bheirt eile dó uair sa gcéad. Ach, ní rud neamhghnáthach é sin imeasc na bhFilipíneach - níl an cultúr óil ann mar atá anseo.




**An Domhan Thoir - Seo mapa do na hOileáin Fhilipíneacha. Feicfidh tú go bhfuil an Astráil 1100 míle ó dheas. Tá bánaltraí Charna píosa maith ó bhaile.**

## Míle oileán agus bochtanas

Tá os cionn 1100 oileán uilig sna Filipíní. Tá cónaí ar chuid mhaith de na hoileáin sin. Siad Luzon, Visaya, Cebu agus Mindinao na ceantair mhóra. Trí theanga labhartha mhóra réigiúnacha atá sna Filipíní, chomh maith leis an teanga náisiúnta. Tá ceathrar do na haltraí atá i gCarna in ann labhairt sa teanga réigiúnach amháin, ach níl Barbara Manalang in ann an teanga sin a labhairt. Labhrann sise teanga náisiúnta na bhFilipíní leis an gceathrar eile; foghlaimítear an teanga náisiúnta seo sna scoileanna chomh maith leis an mbéarla. Tá sean-cheangal idir Meiriceá agus na Filipíní agus tá leagan béarla Mheiriceá acu.

Ach, má tá fluirseacht teangacha acu, níl flúirseacht saibhris acu sna Filipíní. Níl fáil ar 'dole' ar bith sa tír; muna bhfuil jab agat, caithfidh tú a bheith ag braith ar do theaghlach agus do chuid daoine muintireacha.

Muna raibh post Stáit agat, ní bhfaighidh tú pinsean ar bith nuair a théann tú amach sna blianta. Tugann an teaghlach agus daoine muintireacha aire do na daoine aosta. Is dóigh gur b'shin ceann de na cúiseanna a bhfuil cáil chomh mór sin ar bhanaltraí na bhFilipíneacha; tá tradisiún acu a bheith ag tabhairt aire do sheanóirí.

Tá ceangail orthu nach bhfuil orainne sa tír seo. Mar shompla, tá sé fíor-dheacair pás a fháil sna Filipíneacha le dhul ar cuairt go Meiriceá. Cuirtear fios ort chuig agallamh agus bíonn ort tuairim €80 a íoc - sin páigh coicíse do chuid mhaith daoine.

Ní éiríonn ach le tuairim duine as deichniúr san agallamh - agus ní tugtar an t-airgead ar ais duit.


Cé'n fáth a bhfuiltear chomh géar ar an bpás taistil go Meiriceá? Is cosúil go gcreideann an Rialtas nach dtiocfadh cuimse do na cuairteoirí go Meiriceá ar ais; d'fhanfadh siad sna Stáit Aontaithe go mí-dhleathach. Tá sé ina gcroíthe ag go leor de mhuintir na Filipíne gur mhaith leo a dhul go Meiriceá.

Bheadh tuairim's €40 sa tseachtain ina chineál meán-pháigh sna Filipiní ach d'fhéadfadh sé a bheith cuid mhaith níos lú na sin ag go leor daoine.

## Creideamh láidir tugtha go Carna

Abraíonn na banáltraí as na hOileáin Fhilipíneacha an páidrín chuile oíche sul a dtéann siad a'chodhladh i gCarna. Sin nós, b'fhéidir, atá ligthe i léig ag formhór na ndaoine sa tír seo. Ní hionann an saol sna hOileáin Fhilipíneacha. Tá ceangal daingean acu leis an gcreideamh Caitliceach i gcónaí. Caitlicigh iad beagnach 90% do mhuintir na tíre …agus Caitlicigh cráifeacha.

An tráth seo don bhliain, agus é ag teannamh leis an Nollaig, is nós le muintir na nOileán Fhilipíneacha Nóibhena naoi lá a dhéanamh. Tosaíonn an Nóibhéine ar an 17ú Nollaig. Éiríonn daoine ag tuairim's an ceathair ar maidin le dhul chuig an Aifreann a mhaireann tuairim's uair go leith. Déanann siad é sin chuile mhaidin go dtí an 24ú lá do Nollaig. Bíonn na Séipéil chomh plódaithe sin, adeir Lorraine Mercado - duine de na banaltraí i gCarna -




**An bheirt altra is deireannaigh an na hOileáin Fhilpíneacha a tháinig chuig Teach Altranais Charna ar an 21ú Samhain, 2004: Barbara Manalang (ar chlé) agus Narcisa Ceniza.**



**Seo pictiúr a chuir Binky Romanilos Logarta anall chugainn i mí na Samhna 2004 le linn di a bheith ar saoire lena teaghlach: Ar chlé - a fearcéile, Henry agus a dtriúr gasúr. Bhí lá beirthe ag an ngasúr atá ina baclainn aici - sin é Harvey- a bhí aon bhliain amháin d'aois. Beidh Binky ar ais i gCarna nuair a thiocfaidh an Irislearbhar seo amach. Ní saol éasca é … mórán mar a b'éigean do dhaoine as iarthar na hÉireann imeacht ar feadh píosaí móra óna gclann féin san aimsir a caitheadh.**



**(1) 700m Swim**
**(2) 250m Swim**



**(1) 17km Cycle**
**(2) 4[illegible]km Cycle**



**(1) 7km Run**
**(2) 3km Run**

# Carna Triathlon

**Sat April 23rd 2005 @ 11AM(to be confirmed)**

Route 1. Ardmore -Glynsk (via Moyrus) -Carna Hotel
Route 2. Ardmore -Carna (National School)-Carna Hotel

**In aid off:** **R. N. L. I.**

*This is a fun, non competitive event. Everyone welcome and all donations to R.N.L.I.*

*Sponsorship cards for Participants available at Carna Bay Hotel.*
*Further Information Contact : Keelan 087 7870634 or Sheamus 087-2320138*

An Fogra seo urraithe ag
Eachuisce Éireann Teo.

Seahorse Ireland

# CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL CHARNA /AN CHAISIL

## *Bliain iontach – ach deacrachtaí anseo agus ansiúd*

*Cuntas ó Sheán Ó Cualáin*

**Bhí bliain sásúil go maith ag Cumann Lúthchleas Gael Carna / Caiseal arís i mbliana. Bhuach muid ár gcéad chorn sinsear riamh, le Comórtas Peile na Gaeltachta, agus b'féidir, níos tábhachtaí, chinntigh muid ár n'áit i measc na bfoirne sinsear sa gcondae don bhliain 2005.**



Foireann Charna a d'imir in aghaidh Chill Araoráin - seaimpíní na Contae - i bpáirc Charna i mí Dheireadh Fómhair, 2004.

### COMÓRTAS PEILE NA GAELTACHTA

Sa gcomórtas réamh-cháilithe i gConamara, bhí bua maith ag Carna i mbabhta leath cheannais i gcoinne Naomh Pádraig, An Fháirche. D'fhág sin go mbeadh Carna in aghaidh An Cheathrú Rua sa mbabhta ceannais. Bhí chaon fhoireann gan roinnt imreóirí tábhachtacha ar an lá. É sin ráite, bhí coimhlint ghéar ann go deireadh na himeartha. Ba é seo an chéad uair ag foireann Sinsear Charna an comórtas áitiúil a bhuachaint. Is i gcoinne Seampíní 2002 Gaoth Dobhair, a bhí Carna ina gcead chluiche sa gComórtas Náisiúnta, áit ar bhuaileadar muid i gcluiche crua spóirtiuil.

### CRAOBH SHINSIR NA GAILLIMHE

D'imir ár bhfoireann sinsear sár pheil ar feadh na bliana, ach is dóigh go mba é buaic phoinnte na bliana ná chúig cluiche craoibhe a d'imir siad i gcoinne An Chreagan Maigh Locha, a tharraing áird agus caint an phobail, an chondae, agus na meáin. Bhí an Creagan Maigh Locha áirithe ar cheann de na foirne a b'fhearr sa gcondae, ach thug fir Iorras Aithnigh sár thaispeántais ó cheann ceann na páirc sna clúichí sin ar fad.

**8/05/2004**

| | |
|---|---|
| Carna/Caiseal 1-10 | An Chreagan Maigh Locha 0-13 |

**15/05/2004**

| | |
|---|---|
| Carna/Caiseal 1-11 | An Chreagan Maigh Locha 0-14 |

Chlis orainn sa 3ú cluiche leis an scór Carna / Caiseal 2 –07: An Chreagan Maigh Locha 2 –13. Sa mbabhta cúl dorais, thug muid greadadh do Chill Chóirín-Cluain Beirn le 1-20 i gcoinne 1-12

Ba iad Bearna an chéad fhoireann eile a chas orainn sa gcraobh chomórtas, taréis am breise bhuail siad muid le cheithre phoinnte. Tráthúil go maith do Charna rinne an réiteóir botún nuair nár lig sé cead do cheann do imreóirí Charna dul chun páirce san am breise. Dá bhrí sin bhí deis eile ag Carna in aghaidh Bhearna, agus m'anam nar ligeadar leo, bhí bua easca go maith ag Carna orthu san ath-imirt. Creid é nó ná creid, ba iad An Chreagan Maigh Locha ár gcéile




**Pádraig Ó Clochartaigh as Óstán Chuan Charna (uimhir 21903) ag críochnú an mharaton i New York. Rith Pádraig marathon na bliana seo (cúpla seachtain ó shin) i 5 uair agus 6 nóiméad - sin 18 nóiméad níos sciobtha ná anuraidh. Bhí sé ag cruinniú airgid le haghaidh CROÍ. Sé Shane Howard, Cogasóir i Maigh Cuillin (uimhir 22956) atá in éindí leis ag críochnú an chúrsa fada.**



**Foireann Chill Araonáin agus Pádraig Seoige, caiptín fhoireann na hÉireann a bhuail an Astráil i bPáirc an Chrochaigh an lá roimhe sin in éindí leo. D'fhág sé Baile Átha Cliath ag an 5 ar maidin le theacht ag imirt lena Chlub féin i gCarna. Tá sé ar chlé sa líne cúil.**

comhraic i mbabtha ceathrú ceannais an chondae, agus arís ní raibh tada idir an dá fhoireann, agus theastaigh ath-imirt chun iad a scaradh óna chéile. San ath-imirt bhí bua mhaith acú orainn.

Taréis an chluiche seo, d'éirigh ár mbainisteoir, Breandán Ó Callaráin, as an bpost. As sin go deireadh na bliana, níor éirigh le Carna an fhoireann ceart a chur chun páirce.Ba mhór an feall é seo, mar gur bhain sé go leor de'n mhaith as na sár thaispeantaisí a thug an fhoireann ag tús na bliana.

### SRAITH SINSEAR AN CHONDAE

Le linn an Earraigh agus an Fhomhair chinntigh cúpla bua maith i gCarna stádas sinsear an chumainn do'n bhlian 2005

### AN FHOIREANN SHÓISEARACH

Shroich an fhoireann shóisearach cluiche ceannais Craobh an Iarthar i mbliana, ach ar lá fluich i bPáirc na bPiarsach i Rosmuc, bhí bua mhaith ag Maigh Cuilinn orainn.

### FOIRNE FAOI AOIS

#### Faoi 12

Dimir an fhoireann cúpla cluiche gan buachaint

#### Faoi 14

D'éirigh leis an fhoireann cúpla cluiche a bhuachaint

#### Faoi 16

Bhí bliain mhaith ag an bhfoireann seo, agus d'éirigh leo an cluiche ceannais a shroichint ach bhuail foireann an-láidir as an Chortún muid.

#### Faoi 18

Arís i mbliana bhí bliain mhaith ag an bhfoireann seo, agus déirigh leo an cluiche ceannais a shroichint

### 2005?

Tá sé soiléar anois go dteastaíonn comhoibriú agus cunamh tuismitheoirí ón gcumann. Níl sé sách maith na gasúir a fhágail ag geata na páirce, agus glacadh leis go mbeidh siad ceart agus sábháilte. De bharr cursaí an tsaoil, teastaíonn i gcónaí ar a laghad beirt daoine fásta ag gach oíche traenála. Is ar éigin atá tuismitheoir amháin le fáil chun aire a thabhairt do ghasúir le dul chuig cluichí. Ní féidir leis an gcumann glacadh le freagracht mar seo i 2005

Teastaíonn spreagadh, gríosadh, agus treoir ón aos óg. Tá daoine ag teastáil go géar i mbliana a mhuinfeas na bun scileanna peile do na leaids agus cailiní óga.

Má tá foirne sinsir le bheith i gCarna sna blianta amach romhainn, caithfidh tuismitheoirí íobairtí a dhéanamh, agus obair a chur isteach sa gcumann mar a déanadh sna blianta a caitheadh. Tá daoine freisin ag teastáil le haghaidh an *Lotto* a reachtáil. Tá an iomarca oibre ag titim ar ghuallí na ndaoine céanna céanna bliain i ndiaidh bliana.

Mar fhocal scoir, ár mbuíochás do Phádraig Seoige, Captaen na hÉireann. Taréis dó Éirinn a stúiradh leis an gceann is fearr a fháil ar an Astráil i bPáirc an Chrocaigh 24/10/2004, d'fhág sé Baile Átha Cliath ag a cúig an mhaidin dar gcionn, agus thug sé aghaidh ar Charna, do Chluiche Sraithe dá chumann. Faraor, ó thaobh Charna de, thug sé sár thaispeántas peile mar is iondúil leis. Taréis an chluiche bhí sé breá sásta agus foighideach seasamh do phictiuirí, agus labhairt leis na gasúir óga a bhí cruinnithe thart air. Léirigh Padraig tréithe an Chumann Lúthchleas Gael go mór an lá sin: mórtas, misneach, agus go háirithe bród as a chumann áitiúil

Beidh dinnéar na bliana á reachtáil arís i mbliana, scaipfear an teolas roimh ré.

Ba mhaith linn an oiread céanna daoine a fheiceál ag Cruinniú Chinn bhliana an chumainn, agus a fheiceas muid ag an dinnéar bliantúil. Tá súil againn go mbeidh muintir an pharoiste ag tacú níos láidre linn i 2005, bliain chinniúnach do Chumann peile Carna / Caiseal.

Funded by the Irish Government under
The National Development Plan

# REPS 3

## Teagasc REPS Planning Service

- Avail of Increased Payments under REPS 3
- Teagasc offer comprehensive planning and back up support for the five years of your plan
- Advice on farm buildings, pollution control and grants

**Free Consultation on the "pros and cons" of REPS 3**

**For further information contact:**

- **Teagasc, Terryland Retail Park, Headford Road, Galway at (091) 562101**
- **David Callinan – Connemara Area at (091) 562101**

# Uisce … sa deireadh!

**Níl aon chall dúinn a dhul siar ró-fhada ar an bhfeachtas casta, anróiteach a bhain leis an Scéim Uisce; míníodh go minic cheanna é.**

Is leor a rá gur fhógair an Rialtas i mí na Bealtaine 1999 go ndéanfaí an scéim. Ní rún ar bith é go bhfuil Fóram Iorras Aithneach an-ghearánach faoin achar ama a thóg sé ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe na pleananna a réiteach. Ina dhiaidh sin féin, bhí sé soiléirithe ag an Roinn Comhshaoil le roinnt blianta anuas go raibh an t-airgead acu féin le dhul ar aghaidh leis an scéim.

Pé ar bith scéal é, fógraíodh i mí Iúil, 2004, go raibh Comhairle Chontae na Gaillimhe gaibhte sa tóir ar phraghasanna ó chonraitheoirí leis an scéim a dhéanamh.

Seo í an scéim uisce is mó ariamh i gConamara. Leagfar píopaí as ceantar Dhoire Iorrais chomh fada le Doire Fhada ar an gCaiseal, sin gar do Thaom Beola. Meastar go mbeidh 37 míle achair píopaí uilig ann. Cosnóidh an obair beagnach €20m.

Tá a ndóthain ráite againn - bíodh an obair ag tosnú!

Bosca Poist Uimhir 27,
Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc,
Gaillimh.

Telephone: (091) 509000
Fax: (091) 509010
E-Mail: @galwaycoco.ie
Web: www.gaillimh.ie
www. galway.ie

**COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE**
GALWAY COUNTY COUNCIL

7th October 2004

Áine Máire Ní Fhlatharta,
An Fóram do Phobal Iorras Aithneach,
Carna,
Conamara,
Co. na Gaillimhe.

Re : **Scéim Uisce Charna agus Chill Chiaráin**

A Chara,

Déanaim tagairt dod litir dár dáta an 23 Meán Fómhair 2004. Ba mhaith liom a chomhairliú gurbh é an 15 Meán Fómhair 2004 an lá deireadh do thairiscintí a bheith istigh do na Conarthaí Sibhialta agus na Conarthaí Meicniúil & Leictreach. Tá na comhairleoirí ag scrúdú na dtairiscintí faoi láthair agus eiseoidh siad tuairisc measúnú tairisceana don Chomhairle roimh dheireadh na míosa. Nuair atá scrúdú déanta ag foireann teicniúil an Rannóig Seirbhísí Uisce ar seo, cuirfear an tuairisc measúnú tairisceana chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil do cheadú. Nuair atá céadú faighte ón Roinn, beidh ar chumas an Chomhairle ansin conraitheoirí a cheapadh don dá chonradh roimh dheireadh 2004. Ag an stáid seo táthar ag súil go dtosóidh an tógáil ar an scéim go luath i 2005.

Tá súil agam go soiléiríonn sé seo an scéal mar atá sé faoi láthair duit.

Mise, le meas,

A. Quinn, S.S.O.,
Rannóg na Seribhísí Uisce

# Tigh Pheacocke

**An Teach Dóite (Maam Cross)**

**Conamara, Co na Gaillimhe**

## Comdhálacha agus Cóisir Mhóra
## An áit le haghaidh bainis.

For all your conference, meetings, Dinner Dances and of Course Weddings
Catering for up to 500 people, Air- conditioned
Range of Menus to suit every taste & budget.

## An Bialann agus Beár na Guísigh

Carvery open daily from 12 - 4pm * Bar Food served every evening from 4pm
Entertainment every Friday & Saturday Nights throughout the summer
With Traditional Music every Sunday between 6 & 8pm

## Bialann "An Quiet Man"

Extensive Dinner Menu served each evening from 6.30pm

Extensive range of Quality Handcrafted Gifts from Crystal,
Pottery, Jewellery, Knitwear and much more……….

open daily from 9.30pm – 6.30pm

## Seomraí Leapan

Luxuriously Appointed Bedrooms, with Direct Dial Telephone,
Tea/Coffee Making Facilities, T.V. – Family Rooms available

**Stáisiún Peitreal agus diosal * Túr 20 Meadar ar airde ***
**Macasamhail teach an "Quiet Man * ATM Meaisín * Lotto**

**Tel: 091 552306 Fax:091 552216**
**Email: peacockes@eircom.net**
**Website: www.peacockeshotel.com**

# Scéimeanna Séarachais

**Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana seo sa bhfeachtas le scéimeanna séarachais a fháil do shráidbhailte Charna agus Chill Chiaráin.**

Fógraíodh sa mBealtaine go dtosófar na scéimeanna sa tréimhse 2004-2006. Ach an oiread leis an Scéim Uisce, ní mór coinneáil leis.

Seo é an scéala is deireannaigh ón gComhairle Contae.

Bosca Poist Uimhir 27,
Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc,
Gaillimh.

Telephone: (091) 509000
Fax: (091) 509010
E-Mail: @galwaycoco.ie
Web: www.gaillimh.ie
www. galway.ie

AQ/Carna &
Kilkieran SS

**COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE**
GALWAY COUNTY COUNCIL

8 Iúil 2004

Áine Máire Ní Fhlatharta,
An Fóram do Phobal Iorras Aithneach,
Carna,
Conamara,
Co. na Gaillimhe.

**Re : Scéimeanna Séarachais do Chill Chiaráin agus Carna**

A Chara,

Déanaim tagairt dod litir dár dáta 21 Meitheamh 2004 maidir leis na scéimeanna thuasluaite. Ba mhaith liom a thabhairt le fios go bhfuil Scéimeanna Séarachais Charna agus Chill Chiaráin san áireamh i gClár Infheistíochta Seirbhísí Uisce mar scéimeanna atá chun tosnú i 2006.

Faoi láthair, tá ár n-Innealtóirí Comhairleacha ag réiteach Réamh Thuairisc don dá scéim agus tá an Comhairle ag súil go mbeidh na tuairiscí acu roimh dheireadh na bliana.

Tá súil agam go soiléiríonn sé seo an cás duit.

Mise, le meas,

A. Quinn, S.S.O.,
Rannog na Seribhisi Uisce

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
*National University of Ireland, Galway*

**Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,**
**Áras Shorcha Ní Ghuairim,**
**Ollscoil na hÉireann, Gaillimh Carna, Co na Gaillimhe.**








http://www.arascarna.nuigalway.ie


**Fón: 095 – 32834/32835**
**Facs: 095 - 32836**
**Ríomhphost: riar@oegcarna.com**

Tá sé mar bhunaidhm ag an Ionad deiseanna oiliúna agus forbartha atá dírithe ar an nGaeilge a chur chun cinn sa limistéar, mar aon le deis a thabhairt do Ghaeilgeoirí agus dóibh siúd ar suim leo cultúr na Gaeltachta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí san Ionad.

Áiríonn na deiseanna seo:

- Cúrsaí tríú leibhéal sa Ríomhaireacht trí mheán na Gaeilge
- Deiseanna d'fhoghlaimeoirí Gaeilge
- Clár Forbartha Béaloidis sa phobal
- Seirbhís tacaíochta riaracháin trí Ghaeilge don Phobal.
- Tacaíocht do reáchtáil féilte cultúrtha

# Scéim Tithe i Ruisín na Mainíoch



**Tugadh cead pleanála le haghaidh 17 teach nua sa Scéim Tithe ar Phraghas Réasúnach i Ruisín na Mainíoch i mí Dheireadh Fómhair.**

Beidh na tithe seo suite amach ar aghaidh an tsean Chlochair - an Convent.

Beidh 11 teach @ 3 sheomra codhlata ann agus beidh na tithe seo dhá stór ar airde. Beidh 4 theach @ 2 sheomra codhlata ann agus beidh siad sin aon stór amháin ar airde. Beidh 2 theach @ seomra codhlata amháin ann.

Sé Fóram Iorras Aithneach a thosaigh an iarracht go dtógfaí na tithe seo agus sé an Fóram a chur an Chomhairle Contae i dteagbháil le Ord na Trócaire leis an talamh a cheannacht.

Go hiondúil, díoltar tithe mar seo ar tuairim's €125,000 ach ní féidir a bheith cinnte don phraghas. Braitheann go leor ar chostas na talúna agus ar an réiteach atá le déanamh ar an suíomh.

Go n-éirí an saol go maith le chuile dhuine a bheidh ina gcónaí sna tithe seo sna glúnta atá amach romhainn.

Seo thuas léaráid don scéim atá réitithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.

# COMHARCHUMANN CHONAMARA THIAR TEO.

***(Faoi scáth Údarás na Gaeltachta, cúnamh d'fhorbairt sa nGaeltacht)***

## CUSPÓIRÍ AN CHOMHARCHUMAINN:

• Riarachán ar mhaoin na Scarshealbhóirí •

• Stór an Fheilméara & Siopa an Phobail •

• Riarachán ar mhaoin Pobail agus Scéimeanna Fostaíochta Pobail •

• Riarachán ar iarratas ar dheontais chun feabhas agus forbairt sa bpobal •

• Riarachán ar choiste Co-Pháirtíochta Forbartha Pobail chun leas na Gaeilge, na Gaeltachta agus an Phobail •

Le chéile agus ar son a chéile is fearr muid!

**Oifig Chill Chiaráin -**

**(Ceann Áras): (095) 33436**

**Bainisteoir: Criostóir Breathnach**


**Beannachtaí na Nollag**
**ar gach duine i gceantar Chonamara Thiar ó Chamus go Caiseal**

## Ag tacú leo siúd a dteastaíonn tithe uathu

Chuir an Fóram do Phobal Iorras Aithneach an polasaí pleanála atá acu faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe nuair a fógraíodh an t-iarratas pleanála le haghaidh scéim tithe Ruisín na Mainíoch.

I gcúpla focal - sé an polasaí sin go mbeadh cead ag duine a bhfuil teach ag dul dó/d'í faoi rialacha Phlean Forbartha na Contae … an teach sin a cheannacht/a thógáil taobh amuigh nó taobh istigh de shráidbhaile.

Tá rialacha curtha i bhfeidhm in áiteacha - an Cheathrua Rua mar shompla- a fhágann gur ag cainteoirí Gaeilge amháin a bheadh tithe i scéimeanna sráidbhailte. Más mar sin é ar an gCeathrú Rua nach dóigh gur mar sin a bheadh sé i gCarna!




Dá réir sin, nuair a fógraíodh an scéim "Affordable" i gCarna (théis iarrachtaí an Fhóraim) bheadh an seans ann go gcoinneofaí daoine a raibh tithe ag dul dóibh faoi Phlean Forbartha na Contae amach - sin clann duine a bheadh tagtha abhaile as Sasana/ Meiriceá, mar shompla. D'fhéadfaí daoine a bheadh ag cur le fostaíocht sa gceantar a choinneáil amach freisin.

Is ar an gcuntar sin a cuireadh isteach an aighneacht ag iarraidh nach mbeadh coinníoll Ghailge ann…sa gcás agus go mbeadh teach dlite do dhuine faoi Phlean Forbartha an Chontae – sin daoine a thiocfadh abhaile agus a gclann chomh maith le daoine a bheadh ag obair san áit agus a bheadh ag cur jabanna agus fostaíocht sa gceantar.



**Máire Uí Ghaora (Deacy) agus an tSiúr Pius i gCarna**

# FÁS

**• AG CUR OILIÚNA AR OIBRITHE AN IARTHAIR •**

Cuireann **FÁS** a mbeannachtaí ag ár
n-oibrithe uilig
ar fud phobail an iarthair.


Má tá aon cheist agat faoi chúrsaí oiliúna,
cur ceist orainn.

**FÁS** – Cearnóg na hArdeaglaise, Gaillimh.

Teileafón : 091-534400
Faics : 091-562718

*Nollaig shona*
*agus go n-éirí an bhliain nua libh uilig*

# CAPALL NA MARA DÁ SHEOLADH AR FUD AN DOMHAIN



## *Obair na gcapall déanta ag Fiontraithe na Bliana i gCarna*

**Bhuaigh beirt atá lonnaithe i gCarna an duais mhór náisiúnta, "Fiontraí na Bliana" (Entrepreneurs of the Year) anuraidh. Sin iad Keelan Doyle agus Ken Maher. Shaothraigh siad an duais; tá deich mbliana caite acu ag plé leis an each uisce i gCarna. Tá siad tagtha ar bhealach anois leis an each uisce a thógáil agus a mhéadú taobh istigh i saotharlann. Rinneadh an chuid is mo den obair seo i seomra oibre ar láthair an tSaotharlainn Mara atá ag an Ollscoil sa gCrumpán. "Seahorse Ireland" a tugtar ar an ngnó atá acu. Tá ionann agus leathmhilliún euro caite ar an staidéar agus ar an taighde atá déanta ar an each uisce sa gCrumpán: thug Údarás na Gaeltachta agus Foras na Mara cúnamh láidir agus chaith Keelan Doyle agus Ken Maher go leor dá bpáigh féin ar an obair, chomh maith.**

Tá siad geall le bheith réitithe anois le dhul i mbun gnó dháiríre, adeir siad leis an irisleabhar, "Iorras Aithneach 2004". Go deimhin, tá siad i mbun comhráití le seilbh a fháil ar ionad a bhíodh ina mhonarcha próiseála éisc sa gceantar seo. Beidh tuilleadh deacrachtaí le sárú ach a ngabhfaidh siad i mbun gnó - ag tógáil agus ag díol an each uisce ar fud an domhain - ach creideann siad gur féidir tionscail láidir a bhunú ar an iasc seo.

### Tuige an each uisce?

Rudaí beaga go maith iad - tuairims cheithre horlaí ar airde agus iad ar mhúnla an chapail. Bhíodh cuimse acu amuigh ar an domhin ach tá siad geall le bheith scuabaithe de bharr iascach thréan, go háirithe san Áis. Tá an-ghlaoch orthu sa tSín mar phiollaí leighis - tá siad ceaptha cuidiú le gníomhaíoicht ghnéisiúil sa tír sin.

Tá "Seahorse Ireland" tagtha ar bhealaí anois leis na caipplí beaga mara seo a shíolrú agus a fhás, agus a choinneáil beo, sa Saotharlann.

Ceaptar go bhfuil margadh ar fiú $1.25bn. é le haghaidh an each mhara. Ar sin atá "Seahorse Ireland" ag faire.

### Ag saothrú airgid ar chapall na mara

Níl "Seahorse Ireland" i mbun gnó go hoifigiúil fós ach sheol siad an Website ar an ríomhaire le gairid. Go dtí seo, tá ordaithe faighte acu ar 5,000 capall mara…sin luach $1.25m.

Dúirt siad leis an Irisleabhar seo go mbeidh siad 500,000 capall mara sa mbliain a tháirgiú san Ionad nua …sin luach $125m.

De réir "Seahorse Ireland" is féidir capall mara amháin a chur ar an margadh ar chostas $1. Is féidir é a dhíol ar phraghas éicint idir €40 agus €300.

### An modh oibre a bheidh ag "Seahorse Ireland"

Tá ceangal gnó déanta acu le Waterford Crystal le scaitheamh. Mar chuid don mhargaíocht, cuirtear an capall mara i gcrúsca ghloine Phort Láirge in áiteacha poiblí - i Meiriceá, mar shompla. Cuidíonn seo leis an dá dhream.

Beidh "Seahorse Ireland" ag díol tancanna gloine agus na caiple farraige istigh iontú - péire go hiondúil- agus dá ndíol, ar fud an domhain. Tuairim's $1,000 a chosnóidh an tanc, an t-iasc agus an t-eolas. Seolfar iad le comhlucht Fedex ar fud an domhain. Beidh "hot water bottle" beag istigh leo agus beidh "Seahorse Ireland" in ann iad a chur in áit ar bith san Eóraip, mar shompla, taobh istigh de 8 n-uaire an chloig. Beidh cíos le n-íoc ar an tanc. Mairfidh an capall mara tuairims 2 bhliain. Níl sé i gceist ag "Seahorse Ireland" bacadh le margadh na bpiollaí.

### An buntáiste don cheantar seo

Tá seisear uilig ag obair do "Seahorse Ireland" anois. Tháinig na stiúrthóirí Keelan Doyle agus Ken Maher anseo roinnt blianta ó shin agus tá siad fanta ina gcónaí san áit.

Céard faoina jabanna sa ngnó seo, amach anseo? Níl aon fhigiúirí tugtha ag Seahorse Ireland faoi sin. B'fhéidir gur fearr mar sin é. Tá an-iomarca gealltanais cloistithe faoi fhigiúirí móra jabanna ó chomhluchtaí éagsúla. Inseoidh an aimsir an scéal sin ach guíonn muid chuile rath ar Seahorse Ireland sna blianta atá amach romhainn.

AN FÓRAM DO PHOBAL IORRAS AITHNEACH

# Polasaithe Comhairle Contae

**Chuir muid moltaí os comhair na n-iarrthóirí i dtoghchán na Comhairle Contae agus muid ag iarraidh a gcuid tacaíochta. Go hachoimireach, seo hiad na moltaí ar glacadh leo ag cruinniú don Fhóram ar an 18ú Bealtaine, 2004:**

- Bóthar don chéad ghrád as lár ionad i gConamara - idir an Teach Dóite agus Scríb, mar shompla - isteach go Gaillimh;
- Feabhas mór ar an mbóthar R.340;
- Staidéar cuimsítheach ar an mbealach is fearr le bóithre a fhorbairt ar thalamh portaigh …bunaithe ar an eolas is deireannaigh atá ar fáil ó dhreamanna idirnáisiúnta;
- Linn Snámha poiblí i lár-ionad i gConamara;
- Scéimeanna séarachais do Charna agus Cill Chiaráin idir 2004 -2006, mar atá geallta;
- Leabharlann i gCarna …mar chuid, b'fhéidir, do fhorbairt Áras Shorcha Ní Ghuairim, agus roinnt eile seirbhísí Comhairle Contae ansin, freisin.
- Córas cuimsítheach cosáin, soilse poiblí agus sconsaí i sráidbhailte Charna agus Chill Chiaráin.
- Tá muid ag iarraidh go mbeadh cead tógála ag muintir na háite ina gceantar féin … agus go mbeadh na cearta tógála céanna ag daoine a bheadh ag filleadh abhaile, agus atá ag na daoine atá sa mbaile. Maidir le coinníollacha Gaeilge, tá muid in aghaidh aon choinníollacha Gaeilge a stopfadh duine ó theach a thógáil, nó a cheannacht amuigh faoin tuaith, nó istigh i scéim tithe i sráidbhailte, má tá na coinníollacha seo sásaithe ag an té atá ag iarraidh teach:

(a) duine as an áit ó dhúchas ….no duine a bhfuil dlúth cheangal teaghlaigh aige leis an áit…a dteastaíonn teach uaidh san áit;

(b) Imirceoir as an áit atá ag filleadh abhaile … agus a chlann, agus a pháirtí;

(c) Duine atá ag obair go buan sa gceantar;

(d) Duine atá ag tabhairt fostaíochta, tionscail, seirbhísí agus scileanna isteach sa gceantar … a chuirfidh le forbairt an cheantair.


Irish Seafood Producers Group Limited

Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe.
Fón: 095-33501 Facs: 095-33453

**An príomh chomhlacht margaíochta don tionscal feirmeoireacht éisc in Éirinn.**

*Comhgháirdeachas leis an bhFóram Pobail as a bhfuil déanta acu.*

# Tús mo thréimhse 5 bhliana sa gComhairle Contae

*Seosamh Ó Cuaig - Comhairleoir Contae*

**Ní raibh mé ach tagtha isteach an doras nuair a bhuail an fón. Comhairleoir Contae a bhí ann. "Tá muid ag iarraidh comhaontas a chur le chéile," a dúirt sé, "le ceannas a thógáil ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Ba mhaith linn labhairt leat." "Cén uair?" a deirimse. "Tá beirt ar a mbealach siar cheana féin,"a dúirt sé, "má bhíonn tú sásta a ghabháil chun cainte leo."**

Bhí Bean Roisín na Maithníoch i nGaillimh agus ní mé is fearr i gcásanna den tsórt seo. Ní hí an pholaitíocht atá i gceist anois agam ach réiteach beag a dhéanamh don bheirt a bhí ag teacht.

Chuir mé glaoch práinneach go Gaillimh. "Tá an bheirt seo ag teacht," a dúirt mé léi. "Cé le haghaidh?" a d'fhiafraigh sí. "Le haghaidh ceannas Chomhairle Chontae na Gaillimhe a shocrú,"a deirimse. "Cáide go mbeidh tú amach?"

"Céard tá tú fhéin a dhéanamh?" a dúirt sí. Bhí fhios agam mar sin féin ón gcaoi ar labhair sí go ndéanfadh sí chuile dheifir go hÁill na Brún……

Tá dhá rud le déanamh anois agam, a deirimse – tine bhreá chroíúil a chur síos agus liosta pointí polasaí a bheith scríofa agam nuair a thiocfas an bheirt seo. Anonn liom go dtí bosca an ábhair tine go bhfaighinn *firelighter*. Diabhal ceann a bhí ann. B'fhéidir go mbeadh aon cheann Tí Mhícheál, a deirimse. (Sin é mo dheartháir atá ina chónaí in aice liom.) M'anam go raibh agus neart *firelighters.*

Las mé an tine agus chuaigh mé ag scríobh na bpointí polasaí – cheithre cinn déag. Anois a chomhair an díospóireacht uilig a bhí againn ag cruinnithe d'Fhóram Iorras Aithneach le blianta anuas – bóthar nua go Gaillimh … airgead ceart don bhóthar sin a' ainne, an 340 … tuilleadh soilse … linn snámha … Leabharlann agus oifig i gCarna… Gan dearmad a dhéanamh Comhairle Contae faoi leith do Chonamara a iarraidh … Coiste láidir ar na hoileáin … réiteach eicínt ar an trácht ar bhóthar Chois Fharraige … Ionad an Phiarsaigh i Ros Muc …. céard eile? …………

Bhí mé ag críochnú an ceathrú pointe déag go díreach nuair a buaileadh an doras. Bhí an bheirt ann – Colm Keaveney as an Lucht Oibre agus Tiernan Walsh as Fine Gael….

Bhí a chuid oibre déanta ag an *firelighter* faoi seo agus lasracha ag gabháil suas an simléar. Shuigh muid le hais na tine agus thosaigh an mhargáil. Ar a laghad, a deirimse liom féin, tá siad seo sásta margáil a dhéanamh: ba é an polasaí a bhí ag Fianna Fáil agus ag na PDs gan labhairt chor ar bith liom féin ná le Comhairleoir Shinn Féin, Dermot Connolly! Níor mhínigh siad ó shin cén fáth?

Fear cineál ardnósach é Colm Keaveney, beagáinín canúna air agus fonn air léachtanna beaga a thabhairt dhuit dá dtabharfá iomarca scóid dhó. Ní shin le rá nach bhfuil sé cumasach agus díreach. Maidir le Tiernan Walsh, fear tuaithe amach is amach é agus tá sé i bhfad ar an mbóthar. Eisean a rinne an chuid ba mhó den chaint.

"Sula ngabhfaidh muid níos faide," a deirimse, "tá cheithre phointe dhéag polasaí réitithe anseo agam agus mura bhfaighidh mé toradh orthu ní fiú dhúinn a ghabháil níos faide." Bhreathnaigh Tiernan Walsh go foighdeach orm agus shín sé amach na cosa fada siúd atá faoi "Tá súil agam anois," a deir sé, "nach bhfuil tada iontu *nach féidir* a chur i bhfeidhm. Ach léigh amach iad go bhfeicfidh muid." Léigh. "By dad," a deir Tiernan, "tá siad sin sách réasúnach." "Tá," a dúirt Colm Keaveney.

Faoin am seo bhí Bean Roisín na Maithníoch tagtha abhaile agus níorbh fhada go raibh an tae agus an t-arán donn, na *buns* agus an cáca úllaí ar bhoirdíní beaga amach ar aghaidh na beirte. "You can't beat the drop of *tay*," a dúirt Tiernan. "It's delicious," a dúirt Colm. Chaith muid píosa eile ag comhrá, chraith muid láimh le chéile agus d'imigh siad. Ní raibh ansin ach an chéad bhabhta margála.

Ba é an lá a dtáinig an Chomhairle nua le chéile an lá mór, ar ndóigh. In Óstán i nGaillimh a bhí muid anois – ceathrar neamhspleách, fear as an Lucht Oibre, fear as Sinn Féin, agus deichniúir as Fine Gael. Bhí Colm sin againne in éineacht liomsa – in aois a cheithre bliana déag, an té is óige ariamh a bhí

# Taighde Mara Teo.

Taighde & Forbairt Saothrú Mara
Maricultural Research & Development

**Carna, Co. na Gaillimhe.**
**Fón: 095-32225. Facs: 095-32300**

Má tá tú ag iarraidh tionsnaimh feilméireachta mara a thosnú, beidh muid sásta comhairle a chur ort.




**Seosamh Ó Cuaig agus Treasa Uí Chuaig ag canbhasáil in Inis Mór roimh thoghchán na Comhairle Contae.**

lánpháirteach i socrú na cumhachta i gComhairle Chontae na Gaillimhe, ná i gComhairle ar bith eile ach oiread déarfainn. "Cheithre phointe dhéag atá agat ansin, a Dheaide," a dúirt sé, ar an mbealach isteach. "Ba cheart dhuit ceann eile a chur leo." Mhínigh sé céard a bhí i gceist aige. B'fhíor dhó é. Chuir mé an biro ag obair láithreach.

Ba é bun agus barr an scéil gur glacadh le mo chúig phointe dhéag. Thosaigh roinnt na gcoistí ansin agus ceapadh na ndaoine a bheadh ina Méara ar an gComhairle. "Cén bhliain atá uaitse?" a Joe, a fiafraíodh díomsa. "Níl sé uaim chor ar bith," a deirimse – "tá mé sásta mo chuid cearta ar an bpost sin a thabhairt d'fhear Shinn Féin anseo?" "Ní dóigh liom go bhfuil muid á iarraidh faoi láthair," a dúirt fear Shinn Féin!

Faoin am seo bhí an Comhairleoir "neamhspleách" Séamus Breathnach tagtha isteach. Bhí a fhios aigsean cén bhliain a bhí sé a iarraidh a bheith ina Mhéara ach ní bhfuair sé é. D'imigh sé aríst – ar ais chuig campa Fhianna Fáil!

Ní bheidh mé i mo Mhéara ar an gComhairle Contae sna chúig bhliana atá romhainn ach cuireadh ar roinnt coistí tábhachtacha mé agus tá mé sásta. Is mé a bhéas i mo Chathaoirleach ar Choiste na mBóithre. Tá mé ar Údarás Réigiúnach an Iarthair agus ar Eagras na Teorann, Lár Tíre, agus an Iarthair. Tá mé ar Bhord Forbartha an Chontae, ar choiste an lucht siúil, ar choiste na scéimeanna uisce agus ar bhord na heagraíochta "Cumas". Tairgíodh cheithre bliana dhom ar an an V.E.C. ach theastaigh uaim fear as an bpobal seo a chur isteach agus d'éirigh liom trí bliana a fháil dhó. Foilseofar a ainm nuair a thiocfas an t-am.

An mbeidh toradh ó thaobh Chonamara agus Árann ar obair na gCoistí seo ar fad? An gcuirfear mo chúig phointe dhéag polasaí i bhfeidhm ? An aimsir a inseos é sin.


Rud amháin atá ag rith thrí m'intinn fós: meastú cén leagan a bheadh ar an scéal seo dá mb'iad Connie Ní Fhátharta agus Tomás Mannion as Fianna Fáil a mbeadh na cosa sínte amach acu cois tine an oíche stairiúil úd in Áill na Brún?

***(Toghadh Seosamh Ó Cuaig as Áill na Brún, Cill Chiaráin, ina Chomhairleoir Contae ar an 8ú Meitheamh, 2004).***

STATOIL

# SWEENEY OIL

- At STATOIL we offer an efficient and prompt service to all our customers at a highly competitive price.
- We supply our domestic customers with all their home heating requirements, 6 days a week and we deliver on the same day where necessary.
- Based in Clifden, Inverin, Galway City, Moycullen, Portumna, and Gort.
- We serve all of County Galway with Home Heating Oil, Domestic, Agricultural, Marine Fuel and Lubricating Oil.




ORDER YOUR HOME HEATING OIL TODAY!

**Free Phone: 1800 200 308**

**Order online: www.statoilheating.com**

**Don’t forget to collect your** *Premium Club* **points when you order your Home Heating Oil!**

# PICTIÚR DON PHOBAL 2004

### DAONRA

Laghdú 7% ar an líon daoine atá ina gcónaí sna cheithre Toghroinn (D.E.D.) sa gceantar seo idir Daonáirimh Náisiúnta 1996 agus 2002.

### FEILMÉIREACHT BRADÁN

Laghdú 75% ar an líon jabanna sa tionscail seo …príomh thionscail an cheantair…le 15 bliain anuas..

### JABANNA

Dhá Thoghroinn (D.E.D.) sa bpobal seo imeasc an leathscór is measa atá buailte ag easpa jabanna i bPoblacht na hÉireann: Scainnimh agus Abhainn Ghabhla. Tá ráta dí-fhostaíochta 35% i dtoghroinn Scainnimh agus 34% i dtoghroinn Abhainn Ghabhla.

### BUNSCOILEANNA

Laghdú 50% ar an líon gasúr i mbunscoileanna an phobail seo le chúig bhliana déag anuas. Bhí laghdú 21% ann idir 1990 agus 1999 agus bhí laghdú 35% ann idir 1999 agus 2004.

***'Speáineann na figiúirí seo go bhfuil an meath ag leanacht ar aghaidh sa gceantar seo. Ina dhiaidh sin féin, ní thrí thimpist atá ceantair mar seo curtha sa scéim CLÁR (Ceantair Laga Ard Riachtanais). Is léir go dteastaíonn gníomh an-mhór sa bpobal seo anois le borradh a ceart a chur faoin áit.***

**As Eagarfhocal an**

## "CONNACHT TRIBUNE"

**… 26ú Iúil, 2002**

*"We tend to see the booming building in towns and on the outskirts of cities, but we do not see the gradual decline of rural areas - and as a society we may not be sufficiently aware that the decline is not simply limited to something as simple as 'numbers of people'. Just as the population drops, the age of the remaining population almost invariably rises and, with it, the rate of dependency, combined with a fall in the standard of living of the remaining elderly population."*

# Daonra an Phobail

## *An claonadh le 15 bliain*

***(Cuirtear san áirimh daoine óga atá i gColáiste srl ach a thagann abhaile mórán chuile***

| BAILE | 1990 | 1999 | 2004 |
|---|---|---|---|
| Doire Iorrais | 78 | 65 | 85 |
| Coill Sáile | 103 | 96 | 91 |
| Loch Con Aortha | 90 | 103 | 92 |
| Cill Chiaráin (sráidbhaile)149 | 162 | 151 | |
| Áill na Brún/ | | | |
| Bántrach Ard | 78 | 74 | 61 |
| An Aird Mhóir | 152 | 176 | 222 |
| Caladh bhFuinnse | 86 | 93 | 67 |
| Ruisín na Mainíoch | 113 | 115 | 104 |
| Muigh Inis. | | | |
| Cartúr | 41 | 37 | 38 |
| Feithearnach | 76 | 61 | 60 |
| Meáll Rua | 40 | 40 | 45 |
| Ruisín an Chalaidh | 4 | 4 | 6 |
| An Crumpán | 45 | 52 | 45 |
| Carna: Ó Tigh Jackie Dowd go dtí Óstán Charna | 117 | 130 | 159 |
| Leitir Deiscirt | 37 | 40 | 31 |
| Coillín | 49 | 42 | 33 |
| An Aird Thoir | 60 | 50 | 57 |
| An Aird Thiar | 69 | 58 | 60 |
| An Más | 41 | 31 | 23 |
| Leath Mhás | 4 | 5 | 2 |
| Duibhither | 66 | 65 | 62 |
| Muighros - soir chomh | | | |
| fada leis an scoil | 85 | 74 | 66 |
| Leitir Ard, Damhros -agus | | | |
| siar go Scoil Mhuighrois…. | 123 | 101 | 104 |
| Glinnsge | 64 | 71 | 56 |
| Caladh an Chnoic | 7 | 7 | 6 |
| Gabhla | 41 | 47 | 32. |
| **Iomlán** | **1818** | **1799** | **1758** |

Tá cúpla rud suntasach faoin gcomhaireamh seo ar an daonra:

- Daonra na hAirde Móire atá méadaithe go suntasach. Tá roinnt mhaith daoine tagtha abhaile ansin le roinnt blianta.
- An daonra i sráidbhaile Charna, siar chomh fada leis an Óstán. Sé an t-údar atá leis an méadú seo ar an daonra sa gceantar sin ná go bhfuil 40 ina gcónaí san Teach Altranais agus tá siadsan comhairithe ansin. Daoine iad seo nach mbeadh sa bpobal munach an Teach Altranais.

’Speáineann an Daonáirimh an Stáit go bhfuil laghdú daonra i mórán chuile áit sa bpobal ach comhaireann siadsan an líon daoine a bhíonn sa teach ar oíche áirithe. D’fhéadfadh sé nach mbeadh micléinn sa mbaile, an oíche sin.

## An Líon gasúr sna Bunscoileanna

### *An claonadh le 15 bliain*

| Scoil | 1990 | 1999 | 2004 |
|---|---|---|---|
| Muighros | 38 | 13 | 7 |
| Muigh Inis | 33 | 26 | 11 |
| Carna | 78 | 54 | 50 |
| An Aird Thiar | 61 | 35 | 32 |
| Cill Chiaráin | 73 | 59 | 21 |
| An Aird Mhóir | 50 | 66 | 50 |
| **Iomlán** | **333** | **263** | **171** |

**Tá na figiúirí sin sách simplí. Tá laghdú 50% ar an líon gasúir bunscoile sa bpobal le 15 bliain.**

## Laghdú mór ar an líon teaghlach freisin

’Speáineann na figiúirí atá bailíthe againn go bhfuil laghdú 50%, ar a laghad ar an líon teaghlach a bhfuil gasúir bunscoile iontú le fiche bliain anuas. Thog muid trí cheantar sa bpobal agus is mar seo atá:

| Ceantar | Bliain | Líon teaghlach | Líon gasúr sa scoil |
|---|---|---|---|
| Ó dhroichead Bhun na hAbhann go Scoil Mhuighrois | **1984** | 24 | - |
| | **2004** | 8 | - |
| Scoil Mhuigh Inse | **1984** | 20 | 38 |
| | **2004** | 9 | 13 |
| Scoil Chill Chiaráin | **1984** | 35 | 91 |
| | **2004** | 15 | 21 |

Cé go ’speáineann na figiúirí go raibh an líon gasúr in aghaidh an teaghlaigh a bhí ag dul chuig an mbunscoil beagán níos airde i 1984 (2.3 i 1984 i gcomparáid le 1.5 i 2004), is beag difríochta a dhéanann sé sin don phictiúr iomlán. Fiú agus dá mbeadh an líon gasúr in aghaidh an teaghlaigh chomh hard anois agus a bhí sé fiche bliain ó shin, fós féin ní bheadh a leath oiread gasúr ag freastal ar na scoileanna seo agus a bhí ann scór blianta ó shin. Tá na teaghlaigh óga faighte gann agus tá an líon daltaí scoile ag titim dá réir. Sin é an claonadh soiléir atá ann ar fud an phobail uilig.

# CÚRSAÍ FOSTAÍOCHTA AGUS OIBRE

## *Laghdú uafásach ar an bhFeilméireacht Bradán*

### An obair i dtionscail na mbradán sa bpobal

| 1990 | 1999 | 2004 |
|---|---|---|
| 151 | 147 | 41. |

Tá na jabanna uilig sa tionscail - farraige, monarchana agus oifigí - comhairithe ansin. Tá idir lán-aimseartha agus páirt-aimseartha comhairithe freisin. Sna blianta a caitheamh, ba mhinic go mbíodh an dream páirt-aimseartha ag déanamh seachtain iomlán oibre.

Má bhreathaíonn muid ar an líon a bhíodh, agus atá - an beagán atá fanta - ag obair ar na cliabháin bradán féin ar an bhfarraige sa gceantar, mar seo atá an scéal:

| 1990 | 1999 | 2004 |
|---|---|---|
| 58 | 47 | 4 |

### CINEÁLACHA EILE FOSTAÍOCHTA

Níl ach réimse amháin, dháiríre, a bhfuil méadú fostaíocht lán-aimseartha ann le 15 bliain anuas - ó thosaigh muid ag foilsiú irisleabhar Iorras Aithneach agus sin cúrsaí leighis agus cúram na n-aosach.

Chomhair muid 7 sa réimse oibre sin i 1990. Anois, tá 34 ag obair sna seirbhísí sin - an Teach Altranais nua a d'ardaigh na figiúirí go suntasach ansin. Tá rud eile faoi sin - tá chuile dhuine atá ag obair sa Teach Altranais ina gcónaí sa bpobal, nó an-ghar dó.

Is údar díomú é nach bhfuil aon mhéadú ar an bhfostaíocht áitiúil in Áras Shorcha Ní Ghuairim ó 1999, fiú agus go raibh an-dóchas as cúrsaí na hOllscoile, na Gaeilge agus seirbhísí Teicneolaíochta Fáisnéise san am sin.

Munach go bhfuil borradh maith faoi thionscail na tógála i gcónaí, bheadh tuilleadh imirce le feiceáil. Tá an chuid is mo de na jabanna sa tógáil sa gClochán agus i nGaillimh …agus roinnt in Uachtar Ard. Is beag jabanna móra tógála, ar chor ar bith, atá sna bailte Gaeltachta.

Dá réir sin, tá taisteal fhada ar chuid mhaith daoine ar dhroch bhóithre cuile lá. Ní féidir le pobal maireachtáil go láidir ar an gcaoi sin. Tá dualgaisí móra amach ar aghaidh an Tasc Fhórsa a d'fhógair Údarás na Gaeltachta, le gairid.

*Beannachtaí na Nollag dár gcuistiméaraí agus don phobal uile ó:*

# J.P. Mylotte

**CARNA**

Siopa Grósaera

Seirbhísí Sochraide

**Fón: (095) 32256**
**Fax: (095) 32951**

# Toghcháin Comhairle Contae…

## *Anois agus 25 bliain ó shin*

### TOGHCHÁN 2004

| Iarrthóir | Loch Con Aortha | Aird Mhóir | Carna Thiar | Aird Beag | Túrloch | Caiseal |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ronan Conboy (F.G) | 0 | 0 | 0 | 4 | 0 | 1 |
| Josie Conneely (F.F.) | 2 | 2 | 7 | 13 | 2 | 48 |
| Pamela Conroy(S.F.) | 1 | 6 | 2 | 8 | 2 | 2 |
| Seosamh Ó Cuaig (N.S.) | 46 | 154 | 108 | 82 | 92 | 14. |
| Tomás Ó Curraoin (S.F. Pob.) | 1 | 4 | 1 | 2 | 4 | 0 |
| Séamus Gavin (N.S.) | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Josie Joyce (N.S.) | 5 | 0 | 3 | 1 | 0 | 3 |
| Seán Kyne (F.G.) | 2 | 0 | .0 | 1 | 6 | 2 |
| Eileen Mannion-Mullen (F.G.) | 1 | 6 | 14 | 6 | 0 | 33 |
| Diarmuid Mulcahy (Glas) | 1 | 2 | 0 | 2 | 2 | 3 |
| Connie Ní Fháthara (F.F.) | 0 | 16 | 25 | 17 | 12 | 5 |
| Tomás Ó Briain (F.F.) | 40 | 84 | 25 | 12 | 12 | 17 |
| Trevor Ó Clochartaigh (Lab) | 7 | 22 | 7 | 5 | 2 | 0 |
| Jimí Ó Lorcáin (P.D.) | 2 | 8 | 4 | 1 | 3 | 4 |
| Pierce O'Malley (F.F.) | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 8 |
| Seán Ó Tuairisg (F.F.) | 4 | 12 | 10 | 10 | 11 | 7 |
| Caroline Ní Ráinne (F.G.) | 0 | 0 | 3 | 6 | 1 | 1 |
| Michael Walsh (F.F.) | 3 | 0 | 0 | 1 | 1 | 5 |
| Séamus Walsh (F.F.) | 3 | 1 | 8 | 3 | 25 | 12 |
| Thomas Welby (P.D.) | 0 | 1 | 2 | 2 | 3 | 18 |

### TOGHCHÁN 1979

| Iarrthóir | Loch C. Aortha. | Aird Mhóir | Carna Thiar | Ard Beag | Glinnsge | Tuar. | Cais. | Gort Mór |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gerald Barley (F.F.) | 1 | 4 | 2 | 4 | 0 | 6 | 43 | 7 |
| P. de Bháldraithe (L.O) | 0 | 1 | 6 | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| C. MacCathmhaoil (SF) | 0 | 3 | 4 | 2 | 0 | 12 | 0 | 9 |
| John M. Mannion (FG) | 5 | 4 | 2 | 7 | 4 | 2 | 42 | 5 |
| Joe Molloy (N/S) | 5 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| Éamon Mylotte (FG) | 29 | 85 | 77 | 85 | 31 | 5 | 28 | 6 |
| N. Ó Conchubhair (FF) | 4 | 5 | 0 | 1 | 0 | 4 | 0 | 3 |
| John O'Malley (FG) | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 6 | 0 | 1 |
| Micheál Ó Móráin (FF) | 72 | 190 | 172 | 120 | 35 | 51 | 44 | 65 |
| Michael Walsh (FF) | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |

# An Líon bhótaí a fuair na hiarrthóirí éagsúla agus na páirtithe sna toghcháin seo sa gceantar seo.

### IARRTHÓIRÍ (1979)

| | |
|---|---|
| Gerald Barley (F.F.) | 67 |
| P. de Bháldraithe (L.O) | 12 |
| C. MacCathmhaoil (SF) | 30 |
| John M. Mannion (FG) | 71 |
| Joe Molloy (N/S) | 8 |
| Éamon Mylotte (FG) | 346 |
| N. Ó Conchubhair (FF) | 17 |
| John O'Malley (FG) | 10 |
| Micheál Ó Móráin (FF) | 749 |
| Michael Walsh (FF) | 2 |

### NA PÁIRTITHE (1979)

| | |
|---|---|
| Fianna Fáil | 835. |
| Fine Gael | 427 |
| Sinn Féin | 30 |
| Lucht Oibre | 12 |
| Neamhspleaigh | 8 |

## Toghchán 2004

### NA hIARRTHÓIRÍ (2004)

| | |
|---|---|
| Ronan Conboy (F.G) | 5 |
| Josie Conneely (F.F.) | 74 |
| Pamela Conroy(S.F.) | 21 |
| Seosamh Ó Cuaig (N.S.) | 496 |
| Tomás Ó Curraoin (S.F. Pob.) | 12 |
| Séamus Gavin (N.S.) | 2 |
| Josie Joyce (N.S.) | 12 |
| Seán Kyne (F.G.) | 11 |
| Eileen Mannion-Mullen (F.G.) | 60 |
| Diarmuid Mulcahy (Glas) | 10 |
| Connie Ní Fháthara (F.F.) | 75 |
| Tomás Ó Briain (F.F.) | 190 |
| Trevor Ó Clochartaigh (Lab) | 43 |
| Jimi Ó Lorcáin (P.D.) | 22 |
| Pierce O'Malley (F.F.) | 9 |
| Seán Ó Tuairisg (F.F.) | 54 |
| Caroline Ní Ráinne (F.G.) | 11 |
| Michael Walsh (F.F.) | 10 |
| Séamus Walsh (F.F.) | 52 |
| Thomas Welby (P.D.) | 26 |

### NA PÁIRTITHE (2004)

| | |
|---|---|
| Fianna Fáil | 412 |
| Fine Gael | 87 |
| Sinn Féin | 21 |
| Lucht Oibre | 43 |
| Neamhspleáigh/Páirtithe beaga | 584 |
| Páirtí Daonlathach | 48. |

## ATHRUITHE

- Laghdú 50% ar bhóta Fhianna Fáil idir 1979 agus 2004.
- Bhóta Fhine Gael tithe go tubaisteach uilig.
- Méadú ollmhór ar bhóta neamhspleach.

Bhí 8 mboth bhótála sa gceantar i 1979; bhí an líon sin laghadaithe go dtí 6 cinn i 2004.

I 1979 caitheadh 1312 bhóta sa gceantar as Ros Muc chomh fada leis an gCaiseal. Rinneadh sin cé nach raibh san iomaíocht ach leathscór iarrthóir.

Chúig bhliana fichead ina dhiaidh sin, bhí an bhóta iomlán sa gceantar íslithe go dtí 1195 cé go raibh a dhá oiread iarrthóirí san iomaíocht agus a bhí i 1979.

Tugann an méid sin léargas eile ar an laghdú daonra sa gceantar.

***As an bpobal seo, toghadh Micheál Ó Móráin (Fianna Fáil) ina Chomhairleoir Contae i 1979. Toghadh Seosamh Ó Cuaig (Neamhspleách) i 2004.***

## Conradh na Gaeilge

**Ranganna Gaeilge do dhaoine óga & daoine fásta**

**Seachtain na Gaeilge 5 - 17 Márta 2005**

**Campaí Samhraidh Gaeilge**

**Ceardlanna, Seoltaí & Taispeántais Chultúrtha**

**Seirbhisí Oifige**


**"Blúiriní Eolais" Galway Bay FM 96.8FM**
**Gach Déardaoin ó 7-8i.n.**

**Seirbhís Áistriúcháin**

**Féilte áitiúla & imeachtaí Sóisíalta**

Gach eolas ar fáil ó Árus na nGael, 45 Sráid Doiminic, Gaillimh
Guthán: 091 567824 Facs:091 563699
conradh@bradan.iol.ie www.gaillimh.cnag.ie

## Club Árus na nGael




45 Sráid Doiminic, Gaillimh.
(091) 567824

### Imeachtaí an Chlub:

**DÉ LUAIN**
**Rince ar an Sean-Nós le Seosamh Ó Neachtain**

**DÉ MÁIRT**
**Ranganna Amhránaíochta i nGaeilge le Gearoidín Nic Aodha**

**DÉ CÉADAOIN**



**SEINN LINN! *S*eisiún Ceoil Traidisiúnta Oscailte d'Fhoghlaimeoirí**

**DÉARDAOIN**
**Ciorcal Comhrá Gaeilge 9.00i.n. Fáilte roimh chách**

**DÉ hAOINE**
***Oa2:*** **Club Ceoil Domhanda le d.janna éagsúla**

**Dé Sathairn**
**Seisiún Ceoil Traidisiúnta den scoth!**

*"Sásaigh an tart san áit cheart"*

**Bhí toghchán Comhairle Contae ann ar an 7ú Meitheamh, 2004. Seo cuid de na postaeirí toghcháin a bhí crochta ag crosbhóthar Charna agus gar don Seól Mór.**










**Bhí beirt iarrthóirí as an bparóiste seo san iomaíocht sa toghchán. Toghadh Seosamh Ó Cuaig (Neamhspleach) as Áill na Brún, Cill Chiaráin ina Chomhairleoir Contae. Níor éirigh le Tomás Ó Briain (Fianna Fáil) as Cill Chiaráin. Ach, ina dhiaidh sin féin, chuir Ó Briain fáilte mhór roimh an gComhairleoir Ó Cuaig nuair a shroich sé Cill Chiaráin, théis an Chomhaireamh. Tine chnámh ar gcúl sa bpictiúr.**

**(pic – John Carlos)**



**Ag Rásaí Chill Chiaráin ar an 3ú Iúil, 2004.**
**Ó chlé: Michael Dundass, Paddy Dundass agus Michael Éinniú.** (Pic-John Carlos).



**Gasúir as an gceantar ag na ranganna oiliúna currach a bhí ar bun i gCill Chiaráin sa Samhraidh.**
(pic – John Carlos)



**An obair ar bun ar Chéibh Chill Chiaráin i mbliana. Tá píosa dá chur as an gCéibh.** (pic – John Carlos)



Pat Walsh (ar chlé) as Caladh bhFuínse agus Colie Lydon as Ruisín na Mainíoch, ar tháirseach tigh Phat i Neponset i mBoston. Tógadh an pictiúr i mí Bealtaine, 2004. Chuaigh Pat go Meiriceá i 1949; chuaigh Colie anonn i 1951.



... agus i mBoston coicís ó shin - Colie Lydon ag ceiliúradh na cheithre scóir! Nóra Ní Mhaoilchiaráin as Leitir Deiscirt (ar chlé) agus Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin as Leitir Ard i lár báire.



Seo é creatlach na sean-chéibhe i Queenstown - nó Cóbh Chorcaigh - as ar imigh na milliúin imirceach as Éirinn go Meiriceá, agus ar fud an domhain. Tá an chéibh anois i seilbh Vincent Keaney arbh as Glinnsce sa bpobal seo a athair - Joe an Ghréasaí. Tógadh an pictiúr i mí Iúil, 2004.



Cúigear as rang na hArdteistiméireachta i bPobalscoil Mhic Dara agus iad feistithe in éide drámaíocht i mbliana. Ó chlé: Róisín Ní Chualáin (Carna), Seáinín Breathnach (an Aird Mhóir), Róisín Ní Chatháin (Gabhla), Tomás Ó Caodhna (Leitir Ard) agus Neasa Ní Chuaig (Áill na Brún). Labhair ceathrar acu linn faoin dearcadh atá acu ar an saol sa bparóiste seo. Ní raibh Tomás in ann a bheith páirteach san agallamh - bhí a chois liúnta aige i gcluiche peile.



Ó chlé: Johney Bailey, Bean Uí Bhriain agus a fear Petie O'Brien agus an Comhairleoir Contae, Seosamh Ó Cuaig ag Féile an Dóilín ... Samhraidh, 2004. As an gCeathrú Rua ó dhúchas é Petie O'Brien ach tá cónaí air féin agus ar a bhean i St Paul, Minnesota, le fada an lá. Pictiúr stairiúil - agus cineál brónach é seo freisin, mar ba é an pictiúr deireadh é a tógadh do Johney Bailey. Bhásaigh sé i mí Mheán Fómhair.



Seo í eitealán an fhir gnó, Tony Ryan - an fear a bhunaigh RyanAir - ar pháirc Charna i mí Bealtaine. Bhí Ryan ar cuairt chuig Saotharlann Mara Muigh Inse. Tá súil ag lucht na hOllscoile go mbeidh sé sásta tacaíocht a thabhairt dóibh le tuilleadh caoi a chur ar an Saotharlann, nó an "Lab".



↑ Bhí Bairbre McKiernan, nó Bairbre Nic an Iomaire mar a bhí uirthi roimh phósadh d'í, 100 bliain i mí Márta seo caite. Seo pictiúr ón gcóisir in Óstán Chuan Charna: Bairbre McKiernan; a mac Seán agus Sagart Pobail Charna, an tAthair Peadar Ó Conghaile.

Anne agus Breandán Mac an Iomaire as an gCaiseal agus roinnt do na daoine a bhí ag Cóisir an Chéid do Bhairbre Mc Kiernan. Choinnigh Bairbre ag imeacht go raibh an céad caite aici. Cúpla mí théis an Chóisir, bhásaigh sí go síochánta ina teach cónaithe sa gCoillín. Bhí seal iontach blianta faighte aici. Go raibh suaimhneas síorraí aici anois. ↓





**Chuaigh bád an Easbug Michael Cox tré thine amach ó chósta thiar na hÉireann san bhFómhar, 2004. Scéala mór a bhí ann ar fud na tíre. Easbug neamh-ghnáthach é Michael Cox agus bhí an bád ceaptha a dhul ar thuras in aghaidh an ghinmhillte. Tháinig sí aniar le sruth agus 'speáineann an pictiúr seo í ina bladhm lasrach gar do chósta Inis Leacain (ar Chuan na Beirtrí Buí) le titim na hoíche.**



**Is beag nár thriomaigh Loch an Óir, foinse uisce an cheantair seo i mí Lúnasa – clocha le feiceál anseo ar íochtar na locha. Bhí an bháisteach faoi bhun an mheáin ar feadh 6 mhí, sna míosa idir Eanáir agus Lúnusa 2004. Ceaptar go bhfuil roinnt uisce ag sceitheadh as na píopaí freisin. Bhí an cás go dona ach, siúráilte, tháinig báisteach ó shin!**



← Marcus Mac Fhlannchadha (geansaí buí agus dubh) as Cill Chiaráin ag imirt do Charna in aghaidh an Chreagáin i gCraobh Sinsir Peile an Chontae. B'éigean don Réiteoir, Mick Curley an cluiche seo a stopadh ar feadh tamaill nó go bhfuair na foirne malairt geansaithe – tabharfaidh sibh faoi deara anseo go raibh na geansaithe fíor chosúil lena chéile.



← Niall Ó Cadhain (Gabhla) agus Colm Ó Loideáin (Coillín) ag imirt in aghaidh Chluain Beirn i gCraobh an Chontae.

Micheál Ó Cathasaigh as an Más ag imirt do Charna in aghaidh Chluain Beirn i gCraobh an Chontae. ›






Coiste na nAosach - an Coiste a chur bun agus borradh faoi fhorbairt Theach Altranais Charna. Ar gcúl, ó chlé: Susan Uí Chatháin, Ciarán Ó Maoláin, Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin, Eilís Canavan (thar cheann a hathair, an Ceannfort Maitiais Mac Donnchadha, nach maireann), Séamus Ó Domhnaill agus Tony Canavan (an Bainisteoir ar Ospidéal Réigiúnach Chaislean an Bharraigh). Chun tosaigh, ó chlé: Máirtín Ó Catháin (Cathaoirleach), Eibhlín Uí Mhaoláin, Binky Romanilos Logarta (altra as na hOileáin Fhilipíneacha), Lorraine Mercado (altra as na hOileáin Fhilipíneacha). Níor éirigh le Seosamh Ó Cuaig ná leis an Dr. Micheál Ó Cathasaigh - beirt eile do Stiúrthóirí Choiste na nAosach, a bheith ag an ócáid cheiliúrtha seo i mí an Aibreáin i gCarna.



Deirfiúrach Uí Ghríofa as Muigh Inis ag braith ar a dhul chun farraige i gcurrach a n-athar, Máirtín. Ó chlé: Síleagh, Brighid agus Áine.

Máire Ní Uaithnín (Uí Ghríofa) as Muigh Inis in





Máire Ní Éinniú as an Aird ag Rásaí Chill Chiaráin i mí Iúil.
(pic – John Carlos)



↑ Pictiúr tógtha ó dhroichead Mhuigh Inse i dtreo na mBeanna Beola ar an 28ú Feabhra, 2004. Ní fheicfidh muid an ráille sin atá sa bpictiúr níos mó! Tá caoi cheart curtha ar an droichead, sa deireadh.



Cé dúirt nach raibh High Flyers thart anseo? Seo é Martin Blake as Boston Mheiriceá agus é ag léimneacht do na hailtreacha ar an Aird Mhóir ag Campa Samhraidh sa mbliain 2004.




Roibeárd Seoige agus a mhac Pádraig ag baint taithnimh as an lá ag Rásaí Currach Chill Chiaráin i mbliana. (pic – John Carlos)






















**1 Pádraig Ó Caodhna agus an searrach leis a bhuaigh an chéad áit do shearraigh atá coinnithe i gConamara ag Seó an Chlocháin i mbliana.**

**2 Bríd Ní Mhaoilchiaráin agus Caitríona Ní Cheannabháin. Tugadh bláthanna dóibh nuair a thug siad cuairt ar Phobalscoil Mhic Dara i mbliana. Iar-scoláirí iad an bheirt agus seaimpíní amhránaíochta sean-nóis ag an Oireachtas.**

**3 Micheál Ó Cadhain as Gabhla agus é san “trap” i Las Vegas.**

**4 Micheal Mháire an Ghabh agus Béab Éinniú.**

**5 Gearóid Ó Dubháin as an Aird Mhóir in Óstán Charna - seaimpín damhsa ar an sean-nós.**

**6 Con Hynes as Cill Chiaráin agus é feistithe amach go breá.**
**(pic – John Carlos)**

**7 Máire Uí Thuathail, Rúnaí Choiste Pobail Chill Chiaráin agus Bríd Coyne an oíche ar cuireadh an cás faoi bhráid Choiste Réigiúnach Údarás na Gaeltachta gur theastaigh Tasc Fhórsa Fostaíochta in Iorras Aithneach.**





**Anne Dowd, Rúnaí Choiste Gnímh Shráidbhaile Charna**

**↑ Nóra Uí Ghríofa as Tír an Fhia atá ina múinteoir in Oman. Deirfiúr í leis an nGarda, Máirtín Ó Gríofa.**



**Máirtín Ó Curraoin as Muighros ag caitheamh cruifí. ›**

**↓ Máirtín Ó Gríofa i gcuideachta an Treoraí agus na Camels in Oman.**





← Seán Ó Cathasaigh agus Pádraig Ó Coirbín (15) ag imirt in aghaidh Chluain Beirn i gCraobh Sinsir Peile na Contae.



Séamus Ó Clochartaigh ag imirt in aghaidh Chluain Beirn sa gCraobh. ›



← An Bainisteoir, Breandán Ó Callaráin ag cur chomhairle ar imreoirí Charna i gceann de na cluichí in aghaidh an Chreagáin/Maigh Locha.

# Oideachas Meán Scolaíochta i gCarna 1955 - 2004

*le Tomás Ó Nidh, Príomh Oide Phobalscoil Charna*



**Siad Siúrach na Trócaire a chuir tús le oideachas meanscolaíochta i gCarna nuair a d'oscail siad Meánscoil i bhFómhar na bliana 1955. Scoil comhoideachasúil a bhí inti ón tús rud nach raibh coitianta ag an am. Rinne scoláirí na scoile an Ardteist don chead uair i 1960. Bhí sé seo tráthúil go leor mar go raibh na Siúracha tareis foirgnimh nua a thogáil don scoil an bhliain sin.**

Chuaigh Meánscoil Sheosaimh ar aghaidh go maith agus í ag freastal ar scoláirí na háite, ar scoláirí cónaithe agus ar scoláirí ó cheantair chomh fada ó bhaile le Rosmuc a bhain usáid as an gcoras iompair chuig na scoile a thosaigh i 1960. Scoil acadúil a bhí inti le ábhair ar nós Laidin, Ealaín, Tíos agus Ceol ar an gClár.

D'oscail an Ghairmscoil i gCarna i 1965. Cúrsa dhá bhliain a chuireadh na Gairmscoileanna ar fáil ag an am. Bhí béim ar ábhair phraiticiúla is ar ghairmeacha beatha sna Gairmscoileanna agus dhéantaí Scrúdú na nGairmchúrsaí Lae ag deireadh an dá bhliain.

Bhí an phlé agus athruithe ag teacht ar chúrsaí oideachais in Éirinn ag an am. Bunaíodh na Scoileanna Cuimsitheacha i 1966 ach is i 1967 a tháinig an t-athrú ba mhó nuair a d'fhógair an tAire Oideachas ag an am Donncha Ó Máille saor oideachas dára leibhéal do chách. Don chéad uair ariamh bheadh deis ag chuile scoláire freastal ar scoil darna leibhéal.

Bhí plé mór ag an am chomh maith ar cén sórt clár oideachais ba cheart do scoileanna a chuir ar fáil. Bhí dearcadh ag teacht chun cinn gur clár leathan oideachais le meascán do ábhair phraiticiúla agus acadúla ab fhearr a dhéanfadh freastal ar scoláirí.

I dtús na seachtaidí chonaiceas don dá scoil i gCarna go mbeidís in ann coras oideachais níos fearr a chuir ar fáil i scoil amháin. Chónasc an dá scoil agus tháinig Scoil Phobail Mhic Dara ar an saol i 1972. Ócáid stairiúil mar go raibh Scoil Phobail Mhic Dara ar cheann don chéad cheithre scoil Pobail a bunaíodh in Éirinn. Chuir an scoil Curriculam leathan ar fáil agus an bhéim céanna ar ábhair acadúla is ar ábhair theicneolaíochta.

Ó shin i leith tá freastal maith déanta ag Scoil Phobail Mhic Dara agus ag múinteoirí na scoile sin ar phobal na scoile. Faoi láthair tá na h-abhair seo leanas ar chlár na scoile:- Gaeilge, Béarla, Matamaitic, Reiligiún, Corp Oideachas. O.S.S.P., O.S.P.S., Eolaíocht, Tír Eolaíocht, Stair, Gearmáinis, Ríomhaireacht, Ceol, Miotalóireacht, Innealtóireacht, Tíos, Trachtáil, Eagrú Gnó, Adhmadóireacht, Staidéar Foirgníochta, Graific Theicniúil, Ealaín, Bitheolaíocht agus Fisic.

Tugann an rogha leathan ábhair seo deis do chuile scoláire a mbuaic phointe a bhaint amach. Is cúis mhór áthais agus dochais dhúinn é go bhfuil Ceol arais ar Churriculam na scoile. Tá súil againn go gcuirfidh agus go gcuideoidh sé leis an traidisiún láidir ceoil agus amhranaíochta atá san gceantar.

Táim cinnte go bhfuil athraithe móra in ann don oideachas sna blianta amach romhainn. Má tá féin beidh muid in ann dó mar tá ard-mheas ar an oideachas ag pobal na scoile seo. Tá na páirtithe, scoláirí, tuismitheóirí, múinteoirí agus an Bord Bainistíocht ag obair as láimh a chéile. Rachaidh muid ar aghaidh le cheile le muinín is dóchas agus beidh deá thoradh ar an obair.

# I nGairdín Dé

***Daoine a fuair Bás agus a cuireadh sa bpobal ó 15-11-03 go dtí 15-11-04.***

| Ainm | Seoladh | Dáta |
|---|---|---|
| Barbara Connolly | Coill Sáile | 15-11-03 |
| Máirtín Gorham | Leitir Deiscirt | 09-12-03 |
| Áine Ní Mhaoilchiaráin | Roisín na Mainíoch | 12-12-03 |
| Mary Conneely | Leitir Ard | 21-12-03 |
| Pat Mc Donagh | Cill Chiaráin | 23-12-03 |
| Máirtín Ó Domhnaill | Cill Chiaráin | 29-12-03 |
| Sarah Cloherty | Cill Chiaráin | 11-01-04 |
| Peadar Ó Cadhain | Loch Con Aortha | 19-01-04 |
| Mary Ann Coyne | Cloch na Rón | 20-01-04 |
| Willie Moylan | Aird Mhóir | 12-02-04 |
| Seosamh Mac Con Iomaire | Carna | 18-02-04 |
| Sadie Mc Donagh | Muighros | 05-03-04 |
| Patrick Geary | Leitir Deiscirt | 06-03-04 |
| Pakey Flaherty | Aird Mhóir | 14-03-04 |
| Bridie Mc Donagh | Aird Thiar | 19-03-04 |
| Barbara Mc Kiernan | Coillín | 08-05-04 |
| Sarah Casey | Muighinis | 17-05-04 |
| McDara Ó Loideán | Leitir Ard | 25-06-04 |
| Peggy King | Aird Thoir | 03-07-04 |
| Pat Mulkerrins | Caladh bhFuínse | 03-07-04 |
| Peter Ó Brien | Carna | 04-07-04 |
| Tom Curran | Carna | 23-07-04 |
| Sarah Casey | Más | 07-08-04 |
| Joe Cloherty | Muighinis | 27-08-04 |
| Josie Connolly | Leitir Ard | 17-09-04 |
| Seán Mc Donagh | Roisín na Mainíoch | 11-10-04 |
| Pádraic Connolly | Muighinis | 13-10-04 |
| Colman Curran | Glinsce | 30-10-04 |
| John Moylotte | Carna | 10-11-04 |

# Céad Fáilte Romhaibh

### *Gasúir a  Baisteadh sa bpobal idir 15-11-2003 agus 15-11-2004*

| Ainm | Seoladh | Dáta |
|---|---|---|
| Siubhán Áine Ni Chadhain | **Ros Dugáin** | 21-01-04 |
| Shaunadha Siobhán Ní Chlochartaigh | **Muighinis** | 28-02-04 |
| Roisín Bríd Ní Eidhin | **Áill na Brún** | 07-03-04 |
| Yves Joseph Baumgartner | **Switzerland** | 20-03-04 |
| Molly Bernadette Nic Dhonncha | **Cill Chiaráin** | 21-03-04 |
| Steven Gordienko O' Malley | **Doire Ruis, Rosmuc** | 11-05-04 |
| Mickey Máirtín Breathnach | **Aird Mhóir** | 13-06-04 |
| Liam Michael Lydon | **Carna** | 19-06-04 |
| Saoirse Áine Bhreathnach | **Cill Chiaráin** | 20-06-04 |
| Sophie Rebekah Hampsom | **Chesire** | 03-07-04 |
| Phoebe Niamh Hampson | **Chesire** | 03-07-04 |
| Noah David William Hampson | **Chesire** | 03-07-04 |
| Micheál Peadar Ó Loideán | **Muighros** | 22-08-04 |
| Darren Mark Canavan | **Aird Thoir** | 05-09-04 |
| Rachel Sarah Hernon | **Aird Mhóir** | 25-09-04 |
| Seán Paul Flaherty | **Leitir Deiscirt** | 16-10-04 |
| Oisín Aindriú Conroy-Fitzpatrick | **Muighros** | 23-10-04 |
| Aidan Joseph Burke-Connolly | **Bántrach Ard** | 30-10-04 |

*(Is é seo an dáta a baisteadh iad).*

# Sonas Oraibh

### *Lánúnacha a phós sa bpobal idir 15/11/03 agus15/11/04*

**14/02/04**

**Bridget Dunworth (Coill Saile)** agus **David Geraghty (Willamstown)**

**06/06/04**

**Seán Ó  Cualáin (Loch Con Aortha)** agus **Deirdre Nic Dhonncha (Cill Chiaráin)**

**04/09/04**

**Patrick Kelly (Derry)** agus **Barbara Casey (Glinsce)**

**2/10/04**

**Patrick William Kennedy (Bristol)** agus **Bernadette Anne Ó Donnell (Bristol)**

# *Ceamara Siúlach…*



**Ó chlé: Josie Sheáin Jeaic, Johney Mháirtín Leairí, Bríd Ní Mhaoilchiaráin, Béad Éinniú agus Joe John Mac an Iomaire.**



**Tugadh bronntanas do Evelyn agus do Khiarán Ó Maoláin as an Ard Mhóir as píosa snámha a rinne siad le airgead a bhailiú do thriúr ban atá ag dul ag siúl don eagraíocht Concern sa tSín, an chéad bhliain eile. Sa bpictiúr, ó chlé: Paula Ní Chualáin, Kiarán Ó Maoláin, Evelyn Uí Mhaoláin, Eilís Ní Mhaoláin agus Áine Máire Ní Fhlatharta. Beidh Paula, Eilís agus Áine Máire ag siúl do Choncern sa tSín.**

# *Ceamara Siúlach…*




Ciarán Mac Donnchadha as Cill Chiaráin ag an gcruinniú le Coiste Réigiúnach Údarás na Gaeltachta i mí Dheireadh Fómhair.




Lorna Ní Mhaoláin as an Aird Mhóir - bhí an phríomh pháirt aici mar "Rosie" san scannán "Ring a Ring a Rosie" a 'speáineadh ag Fleadh Scannáin na Gaillimhe le gairid.



Ó chlé: Máirtín Ó Catháin, Seosamh Ó Cuirrín agus Dara Ó Flatharta théis an chruinnithe in Óstán Charna ag ar dearnadh plé ar bhunú Tasc Fhórsa fostaíochta don cheantar.

# Teach Adhaltranais Charna

## *Nursing Home*

**Carna, Conamara, Co na Gaillimhe. Teileafón … 095-32854/ 32855.**



***Compóird agus aire don chéad scoth.***
***Suite ar chiúmhais na mara.***

STIÚRTHÓIRÍ: **Dr Micheál Ó Cathasaigh,** M.B., B.Ch., B.A.O., D. Ch., R.C.O.G., D.G.M., D.Obs, M.R.C.G.P., M.I.C.G.P., Dip. Family Planning, Dip. Dermatology.
**Sally Uí Chathasaigh,** S.R.N.



# Frank Conroy

## M.I.P.A.V.

## CEANTÁLAÍ

***Seirbhís luachála talúna agus foirgintí***

*"Seirbhís thrí Ghaeilge má theastaíonn sin uait"*

**Uimhreacha teileafóin: 091-869997 nó 087-2231935**

# Tuilleadh airgid agus tuilleadh 'life'

## *Níl sé anseo adeir na daoine óga*

### le Máirtín Ó Catháin

**Ní thiocfadh siad ar an saol in aon áit eile sa domhan, nó ní fhásfadh siad suas in aon áit eile ar dhroim na crúinne … duine ar bith don cheathrar acu … fiú agus dá mbeadh rogha acu. Ach, ní chreideann triúr acu - agus b'fhéidir an ceathrú duine - go mbeidh siad ina gcónaí i bpobal Chill Chiaráin nó Charna faoi cheann 10 mbliana. Creideann Seán Breathnach as an Aird Mhóir, Róisín Ní Chatháin as Gabhla agus Róisín Ní Chualáin as Carna nach fiú, nó nach féidir, an cineál saoil a theastaíonn uathu a chaitheamh sa gceantar seo. Tá Neasa Ní Chuaig as Áill na Brún idir dhá chomhairle, ach má théann sé le dlí - an rud atá ina ceann aici anois - ní dóigh go mbeidh sí níos goire do bhaile ná cathair na Gaillimhe, adeir sí. Tá an ceathrar seo i rang na hArdteistiméireachta i bPobalscoil Mhic Dara i gCarna.**

Tá an-nádúr acu lena gceantar dhúchais. "Sé an baile é …agus beidh sé ina bhaile againn i gcónaí", adeir Róisín Ní Chualáin as Carna. "Is breá an rud é an spás agus an saoirse", adeir Róisín Ní Chatháin. Tá Neasa Ní Chuaig ar an bport céanna. "Is dóigh nach dtuigeann muid go bhfuil an oiread sin don ádh orainn", adeir sise.

Ach, tá taobh eile ar an scéal.

Labhrann Róisín Ní Chualáin faoin achar atá duine amach as Gaillimh. "Cur i gcás go bhfuil tú ag iarraidh tuilleadh cúnamh le hábhair scoile - "grinds" - is minic nach bhfuil fáil ar sheirbhísí mar sin níos goire ná Gaillimh. Beidh tú uair go leith ag dul isteach, uair go leith istigh agus uair go leith ag teacht abhaile. Dá mbeifeá sa mbaile mór, ní bheadh le déanamh agat ach siúl síos an bóthar."

Tá na deacrachtaí céanna tugtha faoi deara ag Róisín Ní Chatháin. "Muna bhfuil ann ach leabhra scoile, agus rudaí mar sin, caithfidh tú an aistir fhada a dhéanamh go Gaillimh". (Turas fillte beagnach 100 míle).

Sé Seán Breathnach an t-aon fhear óg a bhí inár measc, ach tá sé ar an téad chéanna leis na mná sa gcás seo. "Cur i gcás Lá Oscailte faoi chúrsaí oideachais nó rud éicint mar sin - istigh i nGaillimh a bheidh sé siúráilte agus is mór an píosa taistil isteach é." Ach, níl aon chaitheamh ina dhiaidh aigesan gur tugadh ar ais as Londain é nuair a bhí sé 6 bliana d'aois. D'fhill a athair agus a mháthair ar an Aird Mhóir. D'Fhoghlaim sé Gaeilge líofa ag éirí aníos dó. Bhí saol maith aige ag fás aníos dó in Iorras Aithneach, adeir sé. Ach, feiceann sé gur'bh é an bóthar amach atá roimhe aríst. "Sé atá im mo cheann go socróidh mé síos thar lear - thaithneodh liom a dhul go Meiriceá - agus silim go gcaithfidh mé seal maith do mo shaol ar an imirce. Ansin, agus mé níos sine, ba mhaith liom a theacht ar ais ar an Aird Mhóir."

Ba mhaith le Róisín Ní Chatháin agus le Róisín Ní Chualáin "Holiday Home" a bheith acu sa gceantar. Ach, ansin, thiocfadh na dlíthe pleanála rompu; ní ceadaítear tithe do dhaoine ach iad siúd a bheidh ag cur futhú sa gceantar - sin muna gceannóidh tú teach



**Ag comhrá faoin saol atá amach rompu. Ina seasamh - Róisín Ní Chualáin as Carna (ar chlé) agus Neasa Ní Chuaig as Áill na Brún. Ina suí - Róisín Ní Chatháin as Gabhla agus Seáinín Breathnach as an Aird Mhóir.**

# Tigh Mhic Dhonnchadha

**Cill Chiarain**

# Ollmhargadh

**Siopa Búistéara**
**Nuachtáin**



**Siopa Grósaera**
**Gas agus Gual**

## Oifig an Phoist

**Fón:** **095 – 33406**
**Fax:** **095 – 33609**

*Beannachtaí na Nollaig ar ar gcuid cuisteimeiri ar fad.*



# RAS Transport

## Cill Chiaráin

## *Seirbhís Iompar Cuisneoir*



**Éire, An Bhreatain & An Mór Roinn**

Fón: 095-33406 Fón soghluaiste: 087-9471576
Ríomh Phoist: rastransport@eircom.net

atá ar an margadh. Ceapann Róisín Ní Chatháin go bhfuil na dlíthe pleanála ró-ghéar. "Ach, munach sin, d'fhéadfadh an áit a bheith plódaithe le tithe", adeir Neasa Ní Chuaig, "agus sin rud nach dtaithneodh liomsa. Chomh maith leis sin, má thagann an-iomarca béarlóirí isteach, imeoidh an Ghaeilge", adeir Neasa.

Ach, tuige gur ar an mbóthar amach atá a n-aghaidh acu uilig - seachas b'fhéidir Neasa, cé go bhfuil sise amhrasach faoi a bheith in ann fanacht sa gceantar, ach an oiread. Ina dhiaidh sin féin, tá an áit molta go spéir acu, ar bhealaí?

"Teastaionn airgead agus teastaíonn 'life' thart anseo", adeir Seán Breathnach as an Aird Mhóir. "Níl na rudaí sin sách fairsing ann anois." Cuireann Róisín Ní Chatháin a glór féin leis sin: "Tá an áit dubh dhorcha anois - breathnaigh ar an mbaile seo…an bhail atá ar an gcrosbhóthar sin thoir". Déanann Seán scairt gháirí. "Ní bheadh a fhios agat beo cá mbeifeá, nó an mbeadh Carna ar bith ann!" Ach, tá sé tugtha faoi deara ag Seáinín go bhfuil sráidbhaile Chill Chiaráin níos gile ná a bhíodh sé.

Cén chaoi a dtabharfaí airgead agus 'life' isteach san áit? Caitheann muid scaitheamh ag caint ar sin. Socraíonn muid gur hionann tuilleadh 'life' agus tuilleadh daoine óga a bheith sa gceantar. Maidir le airgead agus postanna, tá tuairimí ann ar nós Feilm Shláinte (Seán) agus Ionad folctha feamainne (Seáinín) agus Stiúdió Taifeadadh (Róisín Ní Chualáin). Ach, fiú agus dá bhféadfaí iad sin a lonnú ann láithreach, ní choinneodh siad na daoine óga seo sa mbaile.

"Tá suim agamsa san gcumarsáid agus sa dramaíocht", adeir Róisin Ní Chualáin, "agus cheapfainn gur go Baile Átha Cliath a bheidh mé ag dul chun Coláiste". Tá Neasa ag iarraidh céim a dhéanamh i nDáimh na nDán i nGaillimh agus bheadh staidéar dlí ar cheann de na príomh ábhair aici. Níl a fhios ag Róisín Ní Chatháin cá bhfuil a triail fós agus tá Seáinín Breathnach sa mbád céanna. Ach, feiceann siad uilig nach bhfuil na deiseanna oibre agus maireactála anseo, ar an gcaoi a bhfuil cúrsaí faoi láthair.

"Ní áit é seo le haghaidh obair, dháiríre", adeir Róisín Ní Chatháin. "Cuimhnigh dá mhéid poinntí a gheobhaidh tú sna scrúdaithe is amhlaidh is lú seans atá ann go bhfanfaidh tú thart anseo", adeir Neasa Ní Chuaig.

Ceapann Róisín Ní Chatháin go ndéanfadh bóithre níos fearr idir seo agus Gaillimh leas. "Ghiortódh sé an aistir", adeir sise…agus tá an triúr eile ar an intinn chéanna lei faoi sin.

Ach, ait go leor, tá fonadóir as Conamara, atá ar an imirce anois é féin, ar ceann an chomhaireamh ag na daoine óga seo uilig -sin é John Beag Ó Flatharta. Taithníonn amhráin éagsúla dá chuid leo…."Mé féin agus mo Mhate" ar cheann acu. Ba díol spéise é gur thaithnigh an "Mate" chomh mór sin leis an nglúin óg - amhrán breá agus amhrán brónach na himirce. Agus cén fáth a dtaithníonn an t-amhrán sin libh, a d'fhiafraigh mise. Tháinig siad le chéile ina gcineál curfá sa bhfreagra: "Tá sé 'lively" agus go maith le haghaidh 'jiveáil'! "

* * *

## D'ith Bob an cáca uilig!



**Ag ócáid nuair a chríochnaigh sé a dhualgais mar Phríomh Oide i gCarna – Roibeárd Ó hÉilí.**


# G. Stanley & Sons



An Clochán 095-21039 Faics: 095-21721

## Togha Siopa Éadaigh

Earraí Olna, Línéadach agus Criostal Éireannach
Earraí Iascaireachta agus Spóirt agus neart eile freisin

Is cáirde linn muintir phobal Charna le fada an lá
***Nollaig mhaith dhíbh uile***

# Coláiste Sheosaimh Teoranta

Cill Chiaráin, Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe.

*Eolas iomlán ar fáil :*

**RÚNAÍ ÁITIÚIL**

Rita Mhic an Iomaire
Cill Chiaráin
Conamara
Fón: 095-33412

**STIÚRTHÓIR**

Dónall Mac Mathúna
Inis Bheag
Cill Mháille
Inis, Co. an Chláir
Fón: 065-6839670

# Nioclás Ó Conchubhair Teo.

HOMEVALUE HARDWARE

Rogha & Seirbhís den Scoth

- Péint
- Soirn
- Leictreach
- Crua Earraí
- Pluiméireact
- Ábhar Tithíochta
- Meaisín Níochán

Leitirmóir, Conamara, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 551114
Facs: (091) 551258
nicholas@eircom.net

**PRÍOMH STÓRTHA CRUA EARRAÍ NA hÉIREANN**

# An Tasc Fhórsa Fostaíochta

**Tá Tasc Fhórsa bunaithe ag Údarás na Gaeltachta anois le súil agus gur féidir tuilleadh jabanna, agus tuilleadh oibre a thosnú, i gceantar Chill Chiaráin agus Charna.**

Bunaíodh an Tasc Fhórsa théis do Choiste Pobail Chill Chiaráin agus An Fóram do Phobal Iorras Aithneach cás láidir a chur faoi bhráid Choiste Réigiúnach Údarás na Gaeltachta i gCarna ar an 27ú Deireadh Fómhair, 2004.

### Cé'n fáth Tasc Fhórsa?

- Laghdú 70% ar fhostaíocht i dtionscail na mbradán.
- Muid imeasc na ndeich gceantar is measa sa tír san liosta dí-fhostaíochta.
- Laghdú 50% ar an líon gasúr sna bunscoileanna le 15 bliain.
- An pobal ag dul in aois.

### Tá caint ar na hachmhainní luachmhara atá sa gceantar

Tá caint ann ar "achmhainní" ar nós an fharraige, an timpeallacht, an Ghailge srl. Ach, is fada trácht ar na hachmhainní sin. Tá roinnt leasa ag baint leo ach munar féidir jabanna a bhunú ar na "hachmhainní" sin agus páigh a bhaint astú trathnóna Dé hAoine, ar bhealach i bhfad níos iomláine, ní fiú trácht orthu mar "achmhainní" móra eacnamaíochta sa gceantar seo. Is fiú trácht orthu mar achmhainní ar bhealaí eile … ach ní mar achmhainní láidre eacnamaíochta é.

Ar féidir ríar mhaith jabanna a fháil as na "hachmhainní" seo atá luaite chomh minic sin? Bhuel, sin dúshlán don Tasc Fhórsa. Ach, caithfidh smaointeoireacht fhuinniúil, réadúil a bheith ag baint leis an obair. Cuid de na bun-rudaí a gcaithfear béim a chur orthu:

- Bóthar mór nua as iarthar Chonamara go Gaillimh - sa gcaoi agus go mbeidh daoine in ann a dhul chuig an gcathair ag obair agus cónaí anseo.
- Socruithe faoiseamh cánach in iarthar Chonamara sa gcaoi agus go dtabharfar spreagadh don cheantar.

An dá rud thuas, agus cíoradh a dhéanamh i chuile áit le súil agus gur féidir jabanna agus saothrú a bhunú. Muna dtarlaíonn sin, beidh na staitisticí go dona faoi cheann 10 mbliana.


NDP
PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

**mfg teo**

**Clár Náisiúnta Forbartha Tuaithe**

Tacaíocht d'Fhorbairt Tuaithe

**Gach Eolas Ó:**
**Deirdre Ní Churraidhín, Bainisteoir Réigiúnach,**
**Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teoranta**
Páirc Ghnó Shailearna, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
**Guthan:** 091 593410 **Faics:** 091 593728.
**Ríomhphost:** mfggaillimh@eircom.net

# Jackie Ó Cualáin

## CONRAITHEOIR TÓGÁLA

Carna

**Réitíonn muid an teach ar fad**

Bunsraitheanna • Díonta • Ballaí

Pluiméireacht • Pláistéireacht • Sreangú & Obair Adhmaid

***Cuireann muid seirbhís ar fáil ar fud Chonamara***

*Níl aon jab ró-bheag ná ró-mhór*

**Glaoigh orainn ag:**
**Fón: 095-32331 • Facs: 095-32532**
**Mobile Fón: 087-2249498**

"MEMBER OF CONSTRUCTION INDUSTRY FEDERATION" C.I.S. "MEMBER OF HOME BOUND"





Connie Ní Fhatharta

FIANNA FÁIL
THE REPUBLICAN PARTY

# CLINICÍ

An Chéad Satharn sa Mí

| | |
|---|---|
| **Tigh Bhéara, Carna** | **10.00-11.00 r.n.** |
| **Tigh Keane, Cill Chiaráin** | **11.15-12.15 i.n.** |
| **An Tearmann, Camus** | **12.30-1.30 i.n.** |
| **Siopa Mhárta, Na Minna** | **2.00-3.00 i.n.** |
| **Ostán Crúiscín Lán, Spidéal** | **3.00-4.00 i.n.** |
| **Bearna Golf Club** | **4.15-5.15 i.n.** |

*Is féidir teagmháil a dhéanamh liom sa mbaile*

**Cladhnach, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe. Fón/Faics: 091 572140**
**An Comhairleoir Contae & Ball Tofa Údarás na Gaeltachta**

# Staidéar ar thionscal nua troisc

## *- treabhadh le déanamh fós*

**Tá na mílte troisc bheaga ag ropadh leo, agus ag fás as éadan, sna tancanna atá sa Saotharlann Mara atá ag Ollscoil na hÉireann sa gCrumpán. Tugadh iad isteach as Oileán Mhannan agus as na hOileáin Orkney in Albain san Aibreán seo caite. Chuile sheans go bhféadfaí iad a chur chun farraige san Earrach seo chugainn, ach an réiteach ceart a bheith déanta i dtaobh ceadúnais, cliabháin éisc agus rudaí eile. Muna mbeadh aon chloch bhuailte ar an gcúrsa sin, d'fhéadfadh na troisc bheaga seo a bheith fásta chomh maith in imeacht dhá bhliain sa bhfarraige agus go mbeadh ceannacht orthu, faoin am sin. Ach, foighid orainn!**

Théis an ghealladh a bhí faoi thionscail na mbradán, agus an lagtrá atá ann anois, b'fhearr fanacht scaitheamh maith eile sul a dtabharfar breithiúnas ar an trosc.

### Dul chun cinn

I Muigh Inis, tá éirithe thar cionn leis an gcéad chuid den iarracht le trosc a fhás taobh istigh sa Saotharlann. Más féidir an trosc a aistriú ar an bhfarraige gan aon deacracht mhór, tá margadh mór ann, ar fud an domhain. Tá iascach mór déanta ar an trosc i bhfarraige i bhfad agus i ngearr - tá siad gann agus teastaíonn trosc feilme. Faoi láthair, ceannaíonn tiortha an Aontais Eórpaigh isteach 87% don trosc agus an do na colmóirí a theastaíonn uathu.

### Daimséar

Ní cosúil go mbíonn trosc ar a gcompóird nuair a théann an teocht níos airde ná 14 céim celsius. Sa Samhraidh seo caite, bhí teocht na farraige idir 17 céim agus 18 céim celsius, ar an gcósta seo.

Sin daimséar amháin …agus ní féidir galair srl a chur as an gcomhaireamh.

### Obair mhaith

Tá obair fíor-thábhachtach déanta faoi stiúir Mark Harvey agus a fhoireann sa gCrumpán. Tugadh an bheatha don trosc óg isteach as locha salainn Utah i Meiriceá agus as an mBeilg. Tháinig méadú 10% sa ló ar na bric bheaga. Teastaíonn tuilleadh spáis.

Tá os cionn €700,000 dá chaitheamh ar an scéim thrialach seo. Thug Údarás na Gaeltachta deontas láidir. Chuir airgead ó Roinn na Mara cóir níos fearr ar an Saotharlann freisin.

D'fhéadfadh sé go mbunófaí tionscail fíor-thábhachtach ar an taighde seo fós - ach tá driseacha cosáin sa bhfarraige i gcónaí.

# ÓSTÁN AN DÓILÍN

An Cheathrú Rua
Fón 091-595169

*Déanfar freastal ar gach cineál ócáid, cóisir nó bainis*

## ÓSTÁN AN CHEATHRÚ RUA

An Cheathrú Rua
Fón 091-595116

*Deoch ar do chompórd sa tSailchuach*

# Tigh Mhaithín

Siopa agus LOTTO



# Ó Dubhda, Tógálaí

## Carna, Conamara
## Fón/fax : 095-32247

Cártaí Mháirín

## Siopa Dowd, Statoil

# DHÁ DHROICHEAD BRISTE

**Sé droichead Bhun na hAbhann an teorainn ó thuaidh ar phobal Charna agus Chill Chiaráin; sin í an "líne" idir Carna agus an Caiseal. Sé droichead Inniúir an teorainn thoir - sin í an "líne" idir ceantar Dhoire Iorras agus Chill Chiaráin agus pobal Ros Muc.**



**An Droichead Briste…….Droichead Bhun na hAbhann.**

Scaití, cuireann na seolta poist daoine amú. Cé gur b'é Ros Muc an seoladh poist atá ag baile Dhoire Iorrais, tá sé suite i bparóiste Charna ….no i bparóiste Mhuighrois mar a tugtaí ar, fadó. Go deimhin, áit go leor, tá rúinne beag do cheann thiar bhaile Dhoire Iorrais i bparóiste Chloch na Rón, de réir na sean-teorainneacha.

Ar an taobh eile don phobal tá seoladh poist an Chaisil ag chúig bhaile atá i bparóiste Charna: Gabhla, Caladh an Chnoic, Glinnsge, Leitir Ard agus Damhros. Is i bparóiste Charna uilig atá na bailte fearainne sin.

Ach, ar ais chuig an dá dhroichead.

"An Droichid Briste" a thugadh daoine san aimsir a caitheamh ar dhroichead Bhun na hAbhann. Is cosúil gur scoilt an droichead le linn dó a bheith dá dhéanamh agus gur bh'éigean é a dhaingniú aríst. Dá réir sin, d'fhan "An Droichead Briste" sa gcaint go dtí le gairid; ní minic a chloisfidh tú anois é.

Sé Droichead Inniúir an teorainn thoir - bhuel, is féidir an "droichead briste" a thabhairt ar dhroichead Inniúir anois freisin. Thug na hinnealtóirí faoi deara bliain ó shin go raibh Droichead Inniúir ag tabhairt uaidh. Shocraigh siad go leagfaí an droichead díreach théis an Nollaig, 2003 agus ní fhéadfaí, adúradh, a dhul soir nó anois an bóthar ar feadh cuid mhaith do 10 lá. Ach, troideadh an cás sin, agus bhí an droichead nua sealadach - "bailey bridge" - feistithe isteach in áit an tsean-droichid, in imeacht cúpla lá. Tá an droichead sealadach sin ann fós ach tá €500,000 ceadaithe ag Comhairle Contae na Gaillimhe leis an droichead nua a thógáil, an chéad bhliain eile.

Idir an dá linn, tá An Droichead Briste ag ceann thuaidh an phobail - agus tá an droirchead briste ag ceann thoir an phobail … droichead Inniúir. Ach, chuile sheans nach mbeidh againn ach Droichead Briste amháin an t-am seo aríst.



**Droichead Briste ………..Droichead Inniúir agus "bailey bridge" ann go sealadach.**

# Droch scéalta do fhir na gcurrach i 2004

**Tá dhá iara mhór faighte ag iascairí beaga iarthar Chonamara i 2003 agus i 2004:**

- **Deireadh le deontas na gcurrach a thagadh as ciste Údarás na Gaeltachta**
- **Ríalacha géara maidir le feistiú na gcurrach atá an-chostasach.**

Fuair an tÚdarás scéal ó Roinn na Mara nach bhféadfaí na deontais a tugtaí le currachaí a thógáil a thabhairt feasta. Bheadh polasaí mar sin, adúradh, ag teacht salach ar iarrachtai an Aontais Eórpaigh leis an líon éisc a tógtar as an bhfarraige, a laghdú. Is ait go deo an rud é gur thit cuid den ualach seo ar iascairí beaga chuanta an iarthair, ach sin mar atá.

Tá na ríalacha a bhaineann le clárú agus ceadúnais farraige níos contúirtigh fós do iascairí beaga.

Is deacair aon bhlas a rá faoi dheiseanna nua sábháilteachta, ach tá costas trom ag baint leo. Caithfear anois raidió VHF agus córas éigeandála EPRB a chur ar an mbás is lú ar bith. Ach, tá costas tuairim's €3,000 ag baint leo. Ansin, tá táille eile ag baint le each-chumacht inneal an bháid; d'fhéadfadh €5,000/ €6,000 a bheith i gceist. Ansin, caithfidh tú cigire a chur ag obair le scrúdú a dhéanamh ar an mbád - €600 nó €700, b'fhéidir. Cé bhrí ansin ach má tá "tonnage" ag teastáil - sin cead le haghaidh méid áirithe iasc geal srl. Ní féidir leat é a fháil anois muna bhfuil duine éicint dá dhíol. D'fhéadfá a bheith ag íoc €3,000 nó €4,000 ar sin.

Má chaitheann muid súil ar chás an fhir atá ag iarraidh tosnú amach as an nua, currach a fháil déanta agus a dhul ag iascaireacht…chuile sheans go mbeidh €20,000 caite aige, nó gar dó, sul ar féidir leis greim a fháil ar bhreac agus é a dhíol, go dleathach.

Tá an chosúlacht ar an scéal anois go bhfuil cuid mhaith daoine ag braith ar éirí as an iascaireacht leis na báid bheaga. Seo fíor-dhroch-bhuille don cheantar seo.

Sé an t-aon chomhartha dóchais atá ann ná go bhféadfadh sé tarlú go dtabharfadh Údarás na Gaeltachta tuilleadh tacaíochta do lucht na gcurrachaí ar bhealaí dirfiúla. Táthar ag iarraidh freisin go ndéanfadh Roinn na Mara rud éicint dóibh. Ach, tá na billí ard agus theastódh go leor.

Tá an Comhairleoir Contae, Seosamh Ó Cuaig, ball do Bhord Údarás na Gaeltachta ag obair ar an gceist agus tá sé féin, agus daoine eile ag iarraidh cruinniú a shocrú le Pat the Cope Ó Gallchóir, Aire Stáit na Mara, agus muid ag réiteach an Irisleabhar seo.

*Mountain View Stud*

**Gort More, Rosmuc, Co Galway.**



**At Stud Glencarrig Sparrow 1165**

**☎ 087-6972922**

**Seán Duggan**

Gort More
Rosmuc
Co Galway

**BLOCKLAYER**
**&**
**STONEMASON**
C2 Reg.

**☎ 087 6138449**

# SRÁIDBHAILTE IORRAS AITHNEACH


# - Settlement Centres


**Nuair a rinneadh socrú faoi Phlean Forbartha na Gaillimhe don tréimhse blianta 2003 -2009, bunaíodh an córas ar a dtugtar "Settlement Centres". Tá os cionn**

Tá lucht na pleanála ag súil gur ansin a thógfar formhór na dtithe, gnó srl. Go deimhin, ní bhfaighfear cead pleanála do eastáit tithe, mar shompla, taobh amuigh de na "bailte" nua seo.

Sé bun agus barr an scéil gur fearr an seans atá ar chead pleanála taobh istigh don "chiorcal" nua seo.

Tógann siad pointe agus cuireann siad ciorcal thimpeall ar. Mar shompla, tá an lár-phoinnte i gCarna gar do theach an tSagairt; tá an lár-phoinnte i gCill Chiaráin gar do Theach an Phosta agus tá an lár-




phoinnte i nGlinnsge san áit a bhfuil an eastáit tithe, gar don chrosbhóthar.

Ní dhéanfaidh muid aon phlé ar cheist na mbailte nua seo anseo ach seo hiad na "Settlement Centres" do Charna agus do Chill Chiaráin.

Tá na mapaí seo an-sean. I gCarna, tá an "Post Office" agus an "Dispensary" marcáilte thoir ag Tigh Mheaic … agus féach gur "Constabulary" atá ar Stáisiún na nGardaí.

# “HEARTBREAK PIER”


## agus an cor sa saol a thug ceannas do dhuine de Chaodhna Ghlinnsge ar an áit

*le Máirtín Ó Catháin*

**Maireann Queenstown, nó Cobh Chorcaigh, sa gcaint in Éirinn i gcónaí. Ba as Queenstown a sheol formhór na mbád paisinéirí a thug muintir na hÉireann trasna an Atlantaigh go Meiriceá. D’imigh cuimse daoine as an bpobal seo, agus cuimse daoine as Conamara uilig, ar an aistir anróiteach, bhrónadh sin. Bhíodh an bád cúpla seachtain ar muir sna blianta i bhfad siar. Sa gcéad seo caite féin, thógfadh sé seachtain ar an mbád a dhul trasna an Atlantaigh. B’shin i an aistir a bhí roimh an gcuid is mo d’imircigh na hÉireann go Meiriceá go dtí tuairims 1955 nó 1960 féin.**

Tá creatlach na sean-chéibhe as ar fhág muintir na hÉireann a dtír féin le feiceáil ansin i gCóbh Chorcaigh i gcónaí. Tá pictiúr don tsean chéibh sin ar na leathanachaí daite i lár na hirise seo. Théadh daoine amach ar bhád beag chomh fada leis na báid mhóra amuigh sa gcuan sul a dtabharfadh siad an aistir fhada siar orthu féin.

Tá an chéibh sin anois i seilbh fir arbh as Glinnsge sa bpobal seo a athair, Joe an Ghréasaí, mar a tugtaí air. Ba mac le Thomas an Ghréasaí é Joe. Is le Vincent Keaney, mac le Joe, an tsean Chéibh anois agus tá teach tabhairne agus beár aige díreach ar an láthair sin. An Titanic Bar a thugann sé ar an áit. Díreach síos le binn an Titanic Bar a shiúlfadh daoine i dtreo na céibhe le dhul ar bord na mbád. Tá an clár a bhfuil pictiúr dó anseo crochta ar an mballa díreach san áit a raibh an cosán brónach sin.




**An comhartha ar an mballa san áit a dtéigheadh na daoine síos ag bád Mheiriceá i Queenstown.**

### An Gréasaí a shin shean athair

Ba é Seosamh Ó Caodhna, nó Joe an Ghréasaí as Glinnsge athair Vincent Keaney. Bhí sé sa gcabhlach i gCorcaigh ar feadh píosa mór dá shaol. Maidir le Vincent féin, chaith sé féin píosa mór ar muir ag dul go háiteacha éagsúla sul ar fhill sé ar Chobh Chorcaigh sna naochaidí. Ní raibh an saol ag teacht leis go maith agus b’éigean dó a dhul ar an ‘dole’. Ach, ar ábharaigh an tsaoil, i 1994 bhauigh Vincent an Lotto. Bhí sé ina mhilliúnaigh.

Thosaigh lucht an ‘dole’ ag cur cháidéise air agus ag iarraidh air ceisteanna a fhreagairt. Bhí an oifig acu siúd an uair sin, díreach le hais na céibhe seo - an áit as a dtéigheadh na daoine go Meiriceá fadó.

Cúpla seachtain théis don lucht na hoifige Leasa Shóisialaigh a dhul sa tóir ar Vincent, shiúil sé isteach chucu. “Bígí ag réiteach anois leis an áit seo a fhágáil



**Sa pictiúr seo - an Teach Ósta atá ag Vincent Keaney ar bhruach na mara i gCóbh, An Titanic. Is anseo a théadh imirceoirí as Éirinn chun farraige ar an aistir fhada trasna an Atlantaigh. Creatlach na sean chéibhe do bhád Mheiriceá ar chlé – "Heartbreak Pier".**

go rí-ghairid", adeir Vincent leo. Chuile sheans go ndearna duine éicint gáire. Ach, ba ghearr go raibh siad ar mhalairt poirt. Cuireadh fios ar an mBainisteoir agus chur Vincent ar an eolas é. "Tá an bhuildeáil seo ceannaithe amach agamsa anois", adeir Vincent, "agus beidh mé ag teannamh isteach ann go gairid." Ar cíos a bhí an áit ag an Roinn Leasa Shóisialaigh agus d'iarr an bhainistíocht go dtabharfaí triail dóibh le socruithe a dhéanamh. Ach mheabhraigh Vincent dóibh gur beag triail a tugadh dó féin nuair a fuair sé roinnt airgid.

## An Titanic Bar

Bhunaigh Vincent an Titanic Bar agus Bialann ansin chomh maith le clós ar chúla na háite atá díreach le taobh na céibhe stairiúla.

Tá chuile chineál cuimhneachán ar an Titanic féin, agus ar bháid eile, san mbeár seo. Tá súil ag Vincent cóir níos fearr a chur ar an gcéibh stairiúil amach anseo - céibh a thug na mílte d'ár muintir féin thar Atlantach siar go brách.

Tagann Vincent aníos go Glinnsge scaití agus tá an-eolas aige faoi stair a mhuintire féin, agus tuiscint lena chois sin aige ar an sruth imirce as an tír seo go Meiriceá … agus go tiortha eile…leis na céadta bliain.

Tá seilbh aige féin ar iarsma fíor-stairiúil i saol na hÉireann - 'Heartbreak Pier'. Déarfadh daoine leat i gCóbh go mbeadh an chontúirt ann go mbeadh an chéibh briste agus tugtha chun bealaigh munach Vincent Keaney. Tá an-chreidiúint ag dul dó as an gcosaint atá déanta aige ar an gcéibh i Queenstown - Cóbh Chorcaigh.



**Vincent Keaney in éindí le Susan Uí Chatháin i gCóbh Chorcaigh.**

# NIMMO'S Bar, Restaurant & Club

## Nimmo's Function Room

**BOOK YOUR CHRISTMAS PARTY NOW**

**available for Birthday Parties, 21st Christenings, Staff Parties, Weddings etc.**

Menus available on request please call 095-22544



## Nimmo's Restaurant

**Open on weekends during the winter, and nightly over the Christmas period. Offering Steaks, Seafood, Duck, Lamb, Enchilades, Stir frys & Pizzas**



*Special menu in operation for New Years Eve.*

**Club NIMMO**

OPEN 11th, 18th, 26th, 27th, 31st of December and 1st of January from 11.30 till late

## Nimmo's Bar

**Music Every Saturday Night**
**Food served Daily till 9.30 pm**
**Pool Table**
**Roast Every Sunday!**



**- Youth Disco -**
23rd December
9.00 till 12.00

**MARKET STREET, CLIFDEN 095-22733**

# Tigh Chadhain

Cill Chiaráin
Conamara

## Bar agus Grósaera

Fón: 095-33409
Faics: 095-33615
Suimh Idirlín: www.coynesbar.com

## Ceol gach deiridh seachtaine

*Seolann muid beannachtaí na Nollaig chuig an bpobal uilig*

# CEANNAIRÍ FHINE GAEL AGUS A gCEANGAIL LE CARNA

## *Bagairt go Dún Bóinne agus siúlóid go Muigh Inis*

**… le Máirtín Ó Catháin**



An ócáid ar phós James Dillon agus Máire Phelan i 1942. Tá deirfiúr na brídeóige, Kitty, ar chlé agus tá Peter Nugent ar dheis. I gCarna a shocraigh siad go bpósadh iad.

**Tuige a mbeadh duine ar bith i gceantar Charna ag seoladh litreach chuig John Bruton ag bagairt go marófaí Ceannaire Fhine Gael? Ní raibh aon mhacnaimh déanta agam ar an gceist sin cheanna. Ach sin í an cheist a bhí bleachtaire as an mBureau Náisiúnta Coiriúlachta a chur orm ar an teileafón. Chuile sheans go ndearna mé scairt ghéirí…no dhó! Fear suailceach a bhí sa mbleachtaire agus dúirt sé go mba fhéidir nach raibh dochar ar bith sa scéal. Ina dhiaidh sin féin, chaithfí é a fhiosrú; chuir duine éicint an oiread trioblóide air féin agus gur scríobh sé litir chuig ceannaire Fhine Gael ag bagairt go gcaitheadh sé le gunna é. Cuireadh an litir sa bposta i gCarna. Níos suntasaigh fós, seoladh an litir bhagarthach díreach chuig teach cónaithe John Bruton i nDún Bóine i gcontae na Mídhe. Thug John Bruton an litir do na Gardaí. Sé an t-ainm, "Nollaig Ó Catháin" a cuireadh leis an litir - fear nár cluineadh caint air thart anseo cheanna. Ba mise an t-aon nduine sa gceantar a thug a ainm mar Ó Catháin sa leabhar teileafóin. B'shin é an t-údar gur chuir an bleachtaire caidéis orm. Ní greann a bhí ann. Fuair mé ainm an bhleachtaire agus ghlaoigh mé ar ais air. Mí na Nollag 1997 - tuairim's deich lá roimh an Nollaig.**

### Ainm tráthúil

Bhuel, bhí an t-aimn baiste ar an litir sách tráthúil - Nollaig…agus an Nollaig buailte orainn. Ach, bheadh ar an mbleachtaire tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh faoin gcás agus bheadh sé i gCarna an lá d'ár gcionn. Ar mhaith liom súil a chaitheamh ar an litir, nó ar mhaith liom casadh leis?



**William T. Cosgrove (athair Liam Cosgrove) ag labhairt i gCluan Meala i 1933. Ba mhinic leis cuairt a thabhairt ar Óstán Mhongáin.**

Mhínigh an bleachtaire dom nach raibh aon amhras acu orm ach ó tharla go bhfuair sé m'ainm sa leabhar teileafóin, bhuail sé bleid orm. An mbeadh aon bhaol ann go mbeadh duine ar bith ag iarraidh áird a tharraingt orm? Is ar éigin é, adúirt mé féin! Ina dhiaidh sin féin, chasfainn leis ach a sroichfeadh sé an áit.

Leis an scéal fada a ghiortú, chas mé leis an mbleachtaire théis a aistir gheimhriúil as Baile Átha Cliath. 'Speáin an bleachtaire an litir dom. Bhí sí gonta agus gaingaideach: chaithfí John Bruton le gunna sa gcloigeann. Bhí an seasamh a bhí aige ar chúrsaí an tuaiscirt ar chúis amháin a bheadh leis an dúnmharú! Ach, taobh amuigh dó sin uilig, ní raibh mórán maitheasa le Bruton, ar bhealach ar bith, adúradh! Tá aiféala orm i gcónaí nár thriail mé le cóip don litir a fháil, ach silim nach n-éireodh liom sin a dhéanamh. Bhí na Gardaí ag déanamh roinnt iontais faoi gcur seoladh an litir chuig seoladh baile John Bruton. Fiafraíodh diom arís an mbeadh aon chúis ann go mbeadh duine ar bith ag iarraidh amhras a tharraingt orm féin nuair a cuireadh an sloinne Ó Catháin leis an litir. Dúirt mé nach raibh mar go mba dhuine soineanta, ré-chúiseach agus dea-bhéasach a bhí ionam!

## Racht toibeann!

Chuir muid uilig beannachtaí na Nollag ar a chéile agus d'imigh muid linn. Tá mé a'cheaptha nár frítheadh ainm scríbhneoir na litreach ariamh, ach, buíochas le Dia, tá John Bruton ag treabhadh leis go tréan ariamh ó shin i bpáirceanna glasa na Mídhe. Cé'n bhrí ach d'éirigh leis post mór idirnáisiúnta a



**Liam Cosgrove ag labhairt i gCorcaigh i 1946. Chuaigh sé chuig an mbunscoil i gCarna, ar feadh bliana.**

fháil le gairid, beagbeann ar an mbagairt a rinneadh air as Carna. Nach bhfuil sé ina Ambassadóir ag an Eóraip sna Stáit Aontaithe anois.

Tá mé a'cheaptha gur racht toibeann éicint a bhuail an scríbhneoir; ní dóigh liom go raibh aon dochar san mbagairt, thairis sin.

Ag caint dúinn ar shocrú hobann…ar ndóigh, rinne Ceannaire eile de chuid Fhine Gael beart mór i gCarna san aimsir a caitheadh, taobh istigh de chupla lá.




**James Dillon ag labhairt i gCorcaigh 1951.**

## Lá i Muigh Inis

Tháinig James Dillon ar shaoire go Carna i mí Lúnusa, 1942. Aoine a bhí inti - an 13ú lá - ócáid chinniúnach don Diollúnach. In Óstán Mhongáin a bhí sé ag fanacht. D'fhág sé Carna ceithre lá ina dhiaidh sin agus é geallta le bean 22 bliain d'aois - nach bhfaca sé ariamh roimhe sin. Bhí sé faoi dhó chomh sean lei. Tá cur síos i leabhar Maurice Manning ar na himeachtaí seo. Dúirt an bhean óg, Máire Phelan as Cluan Meala i gcontae Thiobrad Árainn gur fhiafraigh Dillon di an ndéanfadh sí píosa siúil leis isteach go Muigh Inis. Rinne. Ar an mbealach isteach, d'fhiafraigh sé di an bhféadfadh sé í a phógadh. Ar an mbealach amach d'fhiafraigh sé di an bpósadh sí é!! Rinne an beart uilig taobh istigh de chupla uair an chloig. Anois, dá n-oibreodh polaiteoirí na linne seo chomh sciobtha sin, beadh tuilleadh ratha ar an saol. Ar chaoi ar bith, chaith James Dillon agus Máire Phelan saol sona, sásta in éineacht.

Go deimhin, bhí ceangal láidir ag Ceannairí Fhine Gael le ceantar Charna ó bunaíodh an páirtí sin.



**John Bruton – is maith a chuaigh sé as!**

## Clann an Taoisigh sa mbunscoil

Ba mhinic le William T. Cosgrove, an chéad Thaoiseach ar Shaor Stát na hÉireann tréimhsí a chaitheamh i gCarna agus bhí Phátrún Mhám Éan ar cheann de na háiteacha a ndeachaigh sé - sin sa ré nuair a bhí treabhanna éagsúla ag roinnt iarrantaí de mhaidí go flaithiúil lena chéile ar an gcnóc beannaithe. Chuaigh beirt chlann mhac le William T. chun na bunscoile i gCarna ar feadh bliana - Liam a bheadh ina Thaoiseach é féin (sna seachtóidí) agus Michael. Cuireadh go Carna iad ionas go mbeadh Gaeilge acu agus d'fhan siad in Óstán Mhongáin. San áit a bhfuil an sean Halla Pobail a bhí scoil na mbuachaillí i gCarna san am sin.

Bhí Joe Pheadair (Ó Guairim) as Ruisín na Mainíoch i Rang a 5 in éindí le Liam Cosgrove. "Rinne Liam a dhicheall leis an nGaeilge", adeir Joe, "ach bhí Michael roinnt amhailleach go maith; bhíodh diabhlaíocht éicint ar bun aigesan i gcónaí." Míníonn Joe Pheadair go dteigheadh formhór na ngasúr chun na scoile cosnochta sa Samhraidh, sna blianta sin. Shocraigh an bheirt Chosgorach go ndéanfadh siad féin an rud céanna sa gcaoi agus go mbeadh siad sa bhfaisiún! Ní inniú ná inné a thosaigh an rud ar a dtugtar "peer pressure"!

Tá cuimhne ag Joe Pheadair ar athair na gCosgordhach agus Taoiseach na linne sin, William T. Cosgrove, ag teacht ar cuairt ar a bheirt mhac i gCarna roinnt babhtaí. "Tá sé fanta im m'intinn i gcónaí", adeir Joe. "Bhíodh slua mór Gardaí ann ag breathnú amach do William T. Lá iontach a bhíodh ann mar go dtugtaí an chuid eile againn go Hotel Mhongáin go n-íosfadh muid a mbéile ansin i gcuideachta Liam agus Michael."

Sin ré atá imithe anois ach feiceann Joe an pictiúr sin chomh soiléir agus dá mba é an lá inné é. Tá stair fhada ag baint leis an gceangal a bhí ag ceannairí Fhine Gael le Carna.

Ach céard faoi "Nollaig Ó Catháin" as Carna, an fear a bhí ag dul ag fiach ar John Bruton i 1997. Bhuel, chur mé glaoch ar an mBleachtaire Pádraig Mac an Tuille, ar an 2ú lá de mhí na Nollag, 2004. Sin é an fear a "cheistigh" mé 7 mbliana go ham seo. Tá sé ag obair leis san mBureau i gcónaí. Ar a bhealach go hAlbain ar chupla lá saoire a bhí sé nuair a fuair mé ar an "mobile" é. Céard faoi Nollaig ? "Tháinig muid ar an gcinneadh gur "crank" a bhí ann", adeir an Bleachtaire. "Tá na leabhra dúnta - ná bíodh aon imní ort!" Aríst, chuir muid beannachtaí na Nollag ar a chéile mar a rinne muid i gCarna seacht mbliana go ham seo - an Bleachtaire ar a bhealach go hAlbain agus mise ar mo bhealach soir chuig Clódóirí Lurgan in Indreabhán leis an gcuntas seo faoi chuid de na heachtraí a bhain do Cheannairí Fhine Gael i gceantar Iorras Aithneach.

# Pictiúir ón tSean-Aimsir




**Gasúir scoile na hAirde Móire - 1926.**



**An Nollaig ar an Aird Mhóir scaitheamh maith de bhlianta ó shin: Na Flathartaigh - ó chlé: Feichín, Pádraig, Danny agus Michael. Sé Danny an Cathaoirleach anois ar an bhFéile Cheilteach i New Orleans - an áit a dtéann lucht na gcurrach as Conamara chuile Fhómhar.**



← Pictiúr a tógadh i bhFínis tuairim's leathchéad bliain ó shin nó tuilleadh a thug Máire Uí Thuathail i gCill Chiaráin dúinn. Níl againn ach beagán ainmneacha… Biddy Sheáinín Choilmín ar chlé uilig; Maggie Sheáinín Choilmín - an tríú bean ó chlé agus tá muid a'cheapadh gur b'é Stephen Sheáinín Choilmín an fear atá ar dheis uilig sa bpictiúr.



↑ Michael Tom Mhacaigh as an gCoillín - scéalaí agus seanchaí don scoth atá anois ar shlí na fírinne.



Buille nó dhó eile! Seaimpíní ar na maidí rámha tráth don tsaol - muintir Mhic Dhonnchadha as an gCeathrú Rua. Chuir siad uisce siar uathu freisin nuair a rinne siad píosa iomra ag Féile Currach Chill Chiaráin … 3ú Iúil, 2004. Ó chlé: Réamon Mac Donnchadha, Pádraig Mac Donnchadha agus Peadar Mac Donnchadha.

# Coiste Fhéile Currach Chill Chiaráin – 1967



Líne cúil, ó chlé: Hughie Molloy, Máirtín Ó Donnell, Ciarán Ó Ceannabháin, Pádraig Ó Cuirrín, Petie Ó Ceannabháin, Tomás Ó Máille, Pádraig Mac an Iomaire (Pádraig Sheáinín), Jackie Mac Donnchadha, Stiofán Ó Cuirrín, Louis Mac an Iomaire, Peadar Ó Laoi. Ina suí: Stiofán de Búrca, Seán Ó Madaoín, an tAthair Tomás Ó Mainnín (Cill Chiaráin), Joe John Mac an Iomaire agus Micheál Mac an Iomaire (Michael Josie).

# ORD MHALTA

## - otharcharr 13 bliain ar bóthar anois



**Pictiúr anseo do bhronnadh teastaisí. Ar gcúl - ó chlé: Pádraig Ó Coirbín, Joe Casey, Hugh Ó Domhnaill, Risteárd Mac Donnchadha, Pádraig Seoige, Micheál Breathnach agus Pádraig Ó Loideáin. Chun tosaigh ó chlé: Maitias Ó Coirbín, Jackie Dowd, Máire T Uí Chuinneagáin, Pádraig Ó Cualáin agus Áine Uí Loideáin.**


**Tigh Mhóráin**

**Teach Ósta**

• Peter & Jane Fitzpatrick •

Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe.
Teileafón: (095) 32570/32763

Off Licence - Deoch, Ceol & Craic.
Pool Table + Juke Box

**Seolann muid beannachtaí na Nollaig chuig an bpobal uilig.**

AUTO TYRE CENTRE

Camus, Conamara, Co. na Gaillimhe.

Computer Wheel Balancer •
Pneumatic Electric Tyre Changer •
Laser Four Wheel Alignment •
Caster & Camber •

Faigh do charr in ord i gcóir teist N.C.T.

**Cuir glaoch ar:**
**(091) 574197**
**Mobile (087) 2871658**

# Sráidbhaile Charna

## - *Acsion mór déanta ag Coiste Gnímh*

**Bhíodh cáil mhór fadó ar rása caiple a bhíodh ann as Cill Chiaráin siar chomh fada le trá Chaladh Fhinnse, i gceantar Iorras Aithneach. Ach, ní tada é seo i gcomórtas leis an rása go sráidbhaile Charna atá ar bun idir pholaiteoirí, le scaitheamh! Bhuel, cabhair ó Dhia againn, adeir muintir na háite.**

Is cosúil gur b'é bunú Choiste Gnímh Shráidbhaile Charna i mí an Mheithimh seo caite a chur tús leis an rása go Carna. Dhírigh an Coiste seo go daingean ar an obair agus réitíodh plean. Tarraingíodh cruinnithe le Innealtóirí na Comhairle Contae agus míníodh nach mbeadh anonn ná anall ar bith faoi; ghabhfaí go snaidhm i rópa leis an gcás, an iarraidh seo. Bhí droch-bhail ar an mbaile agus ní raibh d'obair dá déanamh ann ach buille ann agus buille as.

Bhí an tAire Stáit, Frank Fahey istigh ar chás Charna i mí Iúil agus é ag iarraidh go mbeadh sráidbhaile Charna ina phéarla imeasc na mbailte. Tháinig Comhairleoirí Contae Chonamara le chéile in aonturas agus bhain na sála dá chéile ag moladh go nglacfaí le Plean Choiste Gnímh shráidbhaile Charna a bhí réitithe ag an bpeileadóir óg - Marcus Mac Fhlannchadha. Tá pictiúr do Mharcus ar leathanacha eile san Irisleabhar seo.

D'fhógair an Teachta Dála, Noel Grealish cath ar chuaillí teileafóin agus leictreachais ar an mbaile…agus, ansin, i mí na Samhna, d'fhógair an tAire sinsearach, Éamon Ó Cuív, go mbeadh na céadta míle punt as Ciste Stráitéiseach na mBóithre Gaeltachta dá gcaitheamh ar fhorbairt shráidbhaile Charna! Is mór an lear é seo uilig in imeacht cheithre mhí. Ní raibh Coiste Gnímh Shráidbhaile Charna sna Forbacha don ócáid mhór nuair a d'fhógair an tAire Ó Cuív a thacaíocht féin. Bhuel, cén dochar - bhí cabhar rud in easnaimh freisin san rása mór caiple as Cill Chiaráin go Trá Chaladh bhFuinnse!

Ach, ná ceaptar go bhfuil an obair deanta - níl tada déanta fós!

Ar an gcéad iarraidh, teastaíonn gníomh go tapaidh lena chinntiú go gcuirfear na sreangáil teileafóin agus leictreachais faoi thalamh ach a mbeidh an scéim mhór uisce dá déanamh. Sin é an deis is fearr ariamh le cóir níos fearr a chur ar an áit.

Ansin, teastaíonn na cosáin, ná rampaí sábháilteachta, na soilse agus obair eile…ar nós cóir cheart ar an gcrosbhóthar agus tuilleadh spáis páirceála.

**Seo hiad baill Choiste Gnímh Shráidbhaile Charna: Tomás Ó Nídh, Margaret Mhic Oireachtaigh, an tAthair Peadar Ó Conghaile, Susan Uí Chatháin, Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin, Máirtín Ó Catháin, Máirtín Ó Gríofa, Ann Dowd, an Dr. Micheál Ó Cathasaigh, Roibeárd Ó hÉilí, Jackie Dowd, Máire Ní Uaithnín, Gearóid Ó Cosgordha.**


# T. Ó Máille Teo.

Ros Muc, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-574101

• Earraí Grósaera •

• Crua-Earraí, Éadach •


• Ábhar Tithe •

*Go n-éirí go geal leis an gCoiste ina gcuid oibre.*

# BEARRIC MÓR CHARNA

## *... trí cinn eile sa tír?*

**le Máirtín Ó Catháin**



**Beairic mhór Charna san aimsir a caitheadh.**

**San Irisleabhar, "Iorras Aithneach 1990", d'fhoilsigh muid pictiúr don bhearraic an-ard a bhí i gCarna tráth don tsaol - buailte ar an áit a bhfuil an beairic atá ann anois. Bhíodh trácht mhór ar an mbeairic seo, agus faoin gcúis gur thóg na Sasanaigh beairic chomh hard leis sa gceantar seo. Ba é an míniú a bhí ar an scéal san áit ná go raibh an bhearraic seo ceaptha a bheith tógtha san India ach gur tógadh anseo é, tré bhotún. Níor chuala mé go raibh aon chruthúnas ar an scéal sin faoin India ach, b'fhéidir go bhfuil bunús maith leis.**

An Samhraidh seo caite, chaith mé tamall ar an traen ag teacht as Baile Átha Cliath ag caint le Tom Boylan, an tOllamh le Eacnamaíocht in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh. Bhí athair Tom ina Sháirsint sna Gardaí agus is i gCathair Saibhín i gContae Chiarraí a rugadh Tom féin. Tá cuimhne aige fós, adeir sé, ar an mbeairic 4 stóir ar airde a bhí sa mbaile mór. Tá creatlach an fhoirgnimh ann i gcónaí agus tá ionad do thurasóirí ar an urlár íochtair anois.

Nuair a bhí Tom 9 mbliana d'aois, tháinig sé go Bruff i gContae Luimnigh agus nach raibh beairic eile 4 stór ar airde roimhe ansin. Chaith sé seacht mbliana ina chónaí ansin, chuns bhí a athair ar dualgas ann. Ansin i bPálás Scrín, in oirthear Luimnigh freisin, nach raibh beairic eile ann a bhí 4 stór ar airde … leathcheann díreach na beairice i mBruff. Tuige a raibh na foirgintí ollmhóra seo amuigh sna bailte seo faoin tuaith in Éirinn.

Ba é an scéal a bhí ann, adeir Tom, ná go raibh na beairicí seo ceaptha a bheith tógtha san India ach go ndeachaigh na pleananna amú agus gur tógadh in Éirinn iad! Dúirt Tom go mbíodh sé ráite go raibh cheithre cinn acu seo sa tír ach nach raibh a fhios aige cá raibh an ceann eile. Ba ansin a d'inis mó dó faoi shean-bhearraic Charna.

Bhuel, meastú an b'é beairic Charna an ceathrú ceann sin de na pleananna a chuaigh amú agus a bhí ceaptha a bheith san India?

Ceist nach bhfuil freagra agam uirthi ach is cosúil go bhféadfadh sé go b'é.

# Cúigear dearthár ... Cheithre chnoc



**Ar thaobh sléibhe - ó chlé go deas: Michael Ó Maoláin, Seán Ó Maoláin, Ciarán Ó Maoláin agus Joe Ó Maoláin.**


*Rinneadh cúigear dearthár do na Maoláin as an Aird Mhóir píosaí móra siúil agus dreapadóireachta in imeacht chúig lá i mí an Mheithimh, 2004.*

*D'fhága an cúigear - Ciarán, Tomás, Joe, Michael agus Seán an Aird Mhóir ar maidin Dé Céadaoin, an 2ú lá de mhí an Mheithimh. Thaisteal siad 1,603 míle, shiúil siad 31 míle agus rinne siad 14,869 troigh dreapadóireachta sul ar tháinig siad ar ais don Aird Mhóir ar maidin Dé Luain d'ár gcíonn.*



**Ar bharr Ben Nevis in Albain: Joe, Seán, Michael agus Ciarán Ó Maoláin.**

*Chuaigh siad go barr na mbeanna sléibhe is airde in Éirinn (Corran Tuathail); Albain (Ben Nevis); Sasana (Scaffell Pike) agus an Bhreatain Bheag (Snowdon) le linn a gcamchuairte ar an cheithre thír.*



**Braon allais: Joe Ó Maoláin.**



**An dreapadóireacht déanta: Na Maoláin ar an mbealach abhaile ar an mbád – Michael, Ciarán, Seán, Tom agus Joe.**

# Mo Oilithreacht go Medugorje

*Le Máire Uí Thuathail as Cill Chiaráin*

**Imí Dheireadh Fómhair a thug mé mo chéad oilithreacht ar Medugorje. Ní hé an oiread sin eolais a bhí agam faoi roimhe sin. Tá sé i mBosnia-Herzegovina. Sé'n míniú atá leis i mBéarla ná "between the hills". Áit an-bhocht é an méid a chonaic mise. Níl mórán caoi ar na tithe, bó amháin, rothar agus carr a bhfuil aois aige ag daoine. Chonaic mé rud nach bhfaca mé le fada - bean ag bleán bó. Dúirt bean amháin "its like stepping back in time". Bhí sé faoi na Cumanaigh uair amháin agus chaith na fir imeacht go Meiriceá agus don Eóraip ag obair. Na mná agus na gasúir bhí orthu éirí ag 3 ar maidin le obair ar an talamh. Bhí tobac ann agus chaithfeadh siad é bhaint agus na billeoga a chur ar snátha láidir. Deir siad go raibh sé crua. Tá "grapes" ag fás ann agus oráistí beaga ach níl mórán ag aon teach, ar nós garraí beag fataí anseo. Má bhí baisteadh, pósadh, láimh easbaig chaith siad ghabháil go áit éigin nach raibh aithne orthu le é dhéanamh, ach fós choinnigh siad an creideamh. Tháinig an Mhaighdean Mhuire chuig an seisear gasúir ann ar an 24ú Meithimh 1981 agus dúirt sí síochán trí huaire agus bhí sí ag caoineadh. Deich mbliana ón lá thosaigh an cogadh i mBosnia. Ní nach ionadh nuair a cuireadh na Serbs le haghaidh Medugorje a bhuamáil tháinig ceo os a chionn agus ní raibh na heitleáin in ann é a fheiceál. Deireann siad gur bí an Mhaighdean Mhuire a shábháil iad. Thit na "Bombs" taobh amuigh don bhaile ar dhá thaobh agus níor phléasc ach péire.**

Go Dubrovnik a chuaigh mé ar eiteallán agus ansin bus go Medugorje. I Dubrovnik House a d'fhan mé. Ní óstán a thugann siad ar mar fós fanann cuid do na daoine i dtithe nuair a theigheann siad ann. Tá sé trasna an bhóthair ón séipéal. Ní séipéal mór é. Áit do 1,100 duine ach tá go leor spáis agus suiocháin taobh amuigh agus bíonn an aimsir go brea ach sa ngeimhreadh - gaoth aduaidh agus é fuar, an uair sin. Bíonn Aifreann Béarla ag na sagairt ar fad san séipéal gach maidin ag 10 chlog. Bíodh an Mhaighdean Mhuire ag teacht anseo ar dtús ar áit a dtugtar "Apparition Hill" a tháinig sí don chéad uair chuig an seisear gasúr idir 10 mbliana, agus 17. Tá siad idir 33 agus 40 anois "Mirjana, Ivanka, Vicka, Marija, Jakov agus Ivan" na haimnneacha atá orthu. Tá cuid acu pósta. Tá Ivan pósta i mBoston ag Lauren Murphy. Teigheann sé arais mar a rinne sé an lá taréis mise ghabháil ann don gheimhreadh. Beidh sé ag tabhairt cuairt ar Éirinn taréis na Cásca.

Tagann an Mhaighdean Mhuire chuile thrathnóna timpeall 5.45 is cuma cá bhfuil an triúr. Beidh sí ag teacht aigesan i mBoston ag 5.45 am Boston an fhad atá sé tháll. Go minic agus duine ar oilithreacht ann castar ar cuid éigin don triúr thú. Bíonn Aifreann i dteanga Croatia gach 5.45. Stopann gach rud mar sin é'n tam a bhfuil an Mhaighdean Mhuire ag caint leo. An chéad agus dara tráthnóna a raibh mé ann chonaic mé an ghrian ag athrú. Bhí sé ar nós comaoineach mór agus cheapfá go raibh sé teacht in do threo. Mhair sé timpeall 40 nóiméad agus gach cinéal dath timpeall na gréine agus gan scamall sa spear. Ní fheiceann gach duine an rud céanna. Tá sé deacair sátú ar aon duine nach bhfuil rud éicint ann.

(Thug 1 mhilliún cuairt ar 2003 agus 32,500 sagart.)

Tá dhá chnoc ann, Apparition Hill agus Cross Mountain. Bíonn ort ma tá tú indon dul ar an dá chnoc.

Ar Apparition Hill tháinig an Mhaighdean Mhuire don chéad uair. Tháinig sí minic go leor ar Cross Mountain freisin agus caithfidh mé rá ag gabháil suas ar an dá chnoc go bhfuil rud eigin ann - suaimhneas … fiú agus go bhfuil clocha san áit a bhfuil tú ag siúl an bealach ar fad ní aireoidh tú é. San gcrois atá ar a bharr tá píosa don chrois ar ceasadh mac Dé. Ansin tá "The Blue Cross". Seo áit a dtagann sí go minic, an oíche a ndeachaigh muid anonn - Dé Luain - tháinig sí ag Ivan (Sin é bhí gabháil go Boston). Ínsíonn sí dhó cúpla oíche roimhe a bheith ann agus daoine leis. An oíche sin tháinig sí le 3 aingeal, bheannaigh sí gach duine agus go háithrid na daoine tinn. Ta'n duine nach bhfuil indon an dá chnoc eile a dhéanamh in ann é seo dhéanamh. Thug mé cuairt ann oíche Dé Sathairn, bhí bláthanna ann -cinn plaistic -agus fós gheobhfa boladh blathanna úr agus gan iad ann. Bíonn sí ag rádh leo freisin "If you know how much I love you, you would cry of joy". Chonaic mé go leor daoine, gach aois ag caoineadh ag an aifreann, nó dul suas an cnoc nó aon cheann go na rudaí a theigheann ar aghaidh. Thug muid cuairt ar Fr. Jozo. Chuaigh sé tríd go leor nuair a tháinig an Mhaighdean Mhuire ar dtús. Cuireadh bliain go leath priosiún ar mar gur chreid sé na daoine óga seo. Cheap na gardaí gur bréaga a bhí ann / tugann sé beannacht speisealta dos na sagairt agus beannóidh siad gach duine. Uaireannta titeann daoine ar an talamh nuair ata siad ag tabhairt a mbeannacht, rud a tharla dhom féin. Tá rudaí eile freisin ach thoigheadh sé ró-fhada cur síos orthu. Bhí mé i Lourdes agus Fatima ach seo é an ceann cheapainn is mó ar bhfuair mé sásamh agus solás as, ach chaithfeá bheith ag súil leis sin áit a dtugann an Mhaighdean Mhuire cuairt chuile thráthnóna. Beidh mé ag eagrú oilithreacht ann i mí Lúnasa 2005, le cúnamh Dé.

# Scéal Anonn - Scéal Anall . . . 2004

## Fear óg miorúilteach na Sceirdí

Tháinig fear óg as Galacia sa taobh ó thuaidh don Spáinn slán go miorúilteach nuair a báitheadh an traeleála, an Arosa, ar charraigreacha na Sceirdí ar an 3ú Deireadh Fómhair, 2000.

Báitheadh 12 dá chomrádaithe sa tubaist.

Chuir muid tuairisc faoi Ricardo sa mbaile arbh as é - Marin - i dtuaisceart na Spáinne, le gairid. Dúradh linn i gceann de Chomharchumainn na nIascairí sa mbaile sin gur tháinig Ricardo abhaile, ceart go leor, théis na tragóide. Ach, de réir mar a dúradh linn, ghoill an tubaiste ag na Sceirdí go mór ar agus bhí sé thrína chéile faoi. Dúradh linn nár facthas Ricardo ina bhaile dúchais, Marin, le scaitheamh anois. D'fhéadfadh sé go bhfuil sé ar bhád iascaigh éicint…no d'fhéadfadh sé a bheith gaibhte chun cónaithe in áit éicint eile.

## Ionad Sláinte Chill Chiaráin

I mí na Samhna, 2002 a d'éirigh an Dr. Micheál Ó Cathasaigh as a bheith ag tabhairt seirbhísí san Ionad Sláinte i gCill Chiaráin ar an gcúis go raibh an áit ró-dhona le bheith ag tabhairt daoine isteach ann. Tá feachtas láidir ar bun ó shin ag iarraidh go gcuirfí cóir agus méadú ar an Ionad. Tá sin dá dhéanamh anois.

D'fhógair Frank Fahey go raibh €112,000 ar fáil - ansin d'fhógair Éamon Ó Cuív airgead as scéim CLÁR. Sa Samhraidh seo caite, d'fhógair an tAire Ó Cuív go raibh Micheál Ó Máirtín - an tAire Sláinte san am sin, ag cur an chuid eile a bhí ag teastáil ar fáil.

## Banc Taistil imithe

Chuir Banc na hÉireann deireadh leis an tseirbhís Banc Taistil in iarthar Chonamara ar an 16ú Aibreán i mbliana. Tá an áit seo ar cheann de na ceantair atá buailte go dona dá bharr. Dúirt Pádraig Ó Súilleabháin a dhíolann plandaí ar shráid Charna le gairid go bhfuil an laghdú ar an líon daoine a bhíonn ansin ó d'imigh an Banc don tsráid. Tá ar dhaoine a dhul don Chlochán …no baile mór éicint eile…anois, le seiceanna a shoinseáil, rud atá ag cur go leor trioblóide ar an bpobal.

## Seaicéid sábhála go hOileán Mhic Dara

Don chéad uair ariamh, bhí treoir ó Choiste Fhéile Mhic Dara i mbliana gur cheart go gcuirfeadh daoine seaicéid sábhála orthu féin ag dul chuig an bPátrún ar an Oileán.


Tá rialacha sábháilteachta farraige faighte i bhfad níos géire, agus tá cúrsaí árachais i bhfad níos casta freisin.

Choinnigh daoine leis an rial, don chuid is mo, agus glacann go leor daoine leis go bhfuil ciall leis an socrú nua.

Athrú mór é agus tá roinnt costais ag baint leis, ach tiocfaidh daoine i gcleachtadh ar, de réir a chéile.

## Naíolann

Tá Fóram Iorras Aithneach ag iarraidh le fada go mbunófaí Naíolann ar an Eastáit Tionscail i Ruisín na Mainaich. Tá cead pleanála faighte lena aghaidh ach níl aon airgead tagtha as aon áit fós. Tá socrú déanta le scaiteamh go gcasfaidh toscaireacht leis an Aire Dlí agus Cirt, Michael Mac Dubhghaill faoi cheist an Naíolann i gCarna. Tá súil againn go mbeidh an cruinniú sin againn go gairid.



**An obair ar bun ar Ionad Sláinte Chill Chiaráin - Samhain, 2004.**



**Ciarán Ó Maoláin ag an gcruinniú le Coiste Réigiúnach Údarás na Gaeltachta.**



**Máire Uí Thuathail - Rúnaí Choiste Pobail Chill Chiaráin - agus Bríd Coyne théis cruinniú le Coiste Réigiúnach Údarás na Gaeltachta. Sin í an oíche ar socraíodh go mbunófaí Tasc Fhórsa le súil agus go gcuirfí tuilleadh oibre ar fáil sa gceantar.**

## Gadaíocht ghránna

Tharla eachtra gadaíochta an-ghránna i dTeach an Phobail i gCarna ar an 2ú lá de Shamhain. Ghoid duine/daoine éicint an t-airgead a bhí fágtha le haghaidh Aifrinn do na mairbh.

Bhí an ceart ag an Athair Peadar Ó Conghaile nuair a rinne sé an-cháineadh ar an eachtra seo. Ach, faraíor, ní h'é Carna amháin a bhíonn thíos le eachtraí mar seo. Tá gadaíocht déanta i dTithe Pobail eile i gConamara i rith na bliana, freisin…agus tá cúrsai chomh dona in áiteacha ar fud na tíre agus nach bhfágtar na Séipéil oscailte ar chor ar bith anois.

## Loch an Óir

Bhí an t-uisce chomh luachmhar leis an ór thart anseo i dtús an Fhómhair; bhí Loch an Óir geall le bheith triomaithe. Níor facthas an loch ag dul chomh h'iseal le fiche bliain, agus tuilleadh.

Is dóigh go raibh trí chúis leis:

- Seans go bhfuil roinnt uisce ag sceitheadh ar an gcóras - tá sé roinnt sean;
- Tá sé ráite go bhfuil daoine ag úsáid níos mo uisce ná ariamh, ar na saolta seo;
- Bhí an-triomach sa mbliain …ó Eanáir go Meán Fómhair … agus is dóigh gur b'shin í an chúis ba mhó a bhí leis.

Bhí níos lú báistí ann ná an meán ar feadh 6 mhí as an gcéad 8 mhí don bhliain seo, ar fud na tíre. Ach, chuile sheans go raibh triomach níos mo ná sin thart anseo; níor theagmhaigh cuid ar bith de dhílte móra an Fhómhair dúinn. Chomh maith leis sin, dúirt na saineolaithe go raibh triomach iontach san aimsir. Ach, dúirt saineolaí in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh gur dóigh go bhfeicfeá a mhalairt ag tarlú níos deireannaigh - sin neart báistí. Ní raibh aon dul amú ar an bhfear sin!!

## EXPO 2005

Beidh "Fiontraithe na Bliana 2003", Keelan Doyle agus Ken Maher, agus a gcomhlucht, Seahorse Ireland, atá lonnaithe i gCarna, ag déanamh ionadaíocht ar Éirinn ag EXPO 2005 - aonach ollmhór trádála domhanda - sa tSeapáin. Caomhnú, timpeallacht agus uisce an téama atá ag an Aonach seo a mhairfidh 6 mhí. Tá Rialtas na hÉireann ag cur €5.5m. ar fáil le haghaidh seastán na hÉireann.

Ar ndóigh, tá Seahorse Ireland ag réiteach le tionscail bunaithe ar an each uisce a bhunú sa gceantar seo.

Go n-éirí leo tháll agus abhus.

## Eastáit tithe ag ceann thiar bhaile Charna

Tosaíodh ar an eastáit phríobháideach tithe ag ceann thiar bhaile Charna - idir Tigh Gheraghty agus an tÓstán - an Samhraidh seo caite. Oirr Homes as na Forbacha a bhí i mbun na scéime.

Dúirt na ceanntálaithe gur €255,000 a bheadh ar theach 4 sheomra codhlata; €230,000 ar theach 3 sheomra codhlata agus €180,000 ar theach 2 sheomra codhlata.

Ocht gcinn déag de thíthe uilig atá le tógáil ar an suíomh seo.

# Clochar na Trócaire ceannaithe ag Ollscoil

## - Píosa le cur siar as?

**Ó d'fhoilsigh muid Irisleabhar cheanna, tá Siúracha na Trócaire imithe as Carna agus tá an Clochar díolta le Ollscoil na hÉireann i nGaillimh. Athrú mór é seo; bhí na Siúracha i gCarna ón mbliain 1874 … sin 130 bliain go ham seo.**

**Tá an Clochar i seilbh na hOllscoile i nGaillimh anois; mhol Fóram Iorras Aithneach go láidir go bhfaigheadh an Ollscoil seilbh ar an áit nuair a d'imigh na Mná Rialta.**

**Dúirt Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge linn go bhfuil sé i gceist acu a dhul sa tóir ar chead pleanála leis an gClochar a mhéadú - tá siad ag caint ar phíosa a chur siar as.**



Ag cóisir sa gClochar sul ar imigh na Mná Rialta. Ó chlé: Máire T. Uí Chuinneagáin, an tSiúir Pius agus Damhnait Bhreathnach.



Ag an gCóisir dheireannach. Ó chlé: Sarah Ní Mhaoláin, Damhnait Bhreathnach, Máire T. Uí Chuinneagáin agus Stephanie Ní Dhúbhda.

# Díol agus Ceannacht







← Tithe le díol ag an eastáit nua príobháideach ag ceann thiar an bhaile - siar ó bhinn Tigh Gheraghty. Tuairiscíodh go raibh chúig cinn as ocht gcinn déag atá le tógáil, díolta.

↑ "An Lodge" ar bhóthar na Scrathóg ar an margadh. Bhí an Banna mór U2 ina measc siúd a chaithfeadh tréimhsí anseo. Díoladh é ach níl tuairisc againn ar an bpraghas.




An comhartha díolacháin ag an Seol Mór -Tigh Mheaic -sa mBealtaine. Níl an comhartha cruinn - níor díoladh an Seol Mór. Tá muintir Uí Laighin as an gCoillín ina chion i gcónaí. ›

**CARNA BAY HOTEL, CARNA, CONNEMARA, CO. GALWAY**




SUPERBLY LOCATED 26 BEDROOM HOTEL WITH FULL PLANNING FOR ADDITIONAL 34 BEDROOMS & LEISURE CENTRE ON 1.6HA (4 ACRE) SITE

- In the heart of spectacular scenic Connemara Gaeltacht.
- Occupying a unique location with views of sea & mountains.
- Refurbished, extended and tastefully furnished throughout.
- Established family hotel business.
- Valuable planning permission.
- Qualifies Tax Incentive Scheme.
- Title: Freehold.
- View by appointment.

01 6185500 JOHN HUGHES/TED DUNWORTH

Óstán Chuan Charna ar an margadh.

# ÁRAS SHORCHA NÍ GHUAIRIM

## *Droch scéala faoi iarratas ciste turasóireachta*

**Theip ar Ollscoil na hÉireann san iarracht a rinne siad le deontas a fháil as an gCiste Forbartha Turasóireachta faoin gClár Forbartha Náisiúnta 2000 -2006 le forbairt a dhéanamh ar Áras Shorcha Ní Ghuairim i gCarna. Is ábhar mór diomú é gur shocraigh na húdaráis turasóireachta nach nglacfaí leis an iarratas seo agus is iara mhór é don turasóireacht chultúrtha i gConamara. Bhí ceangal déanta idir Áras Shorcha Ní Ghuairim agus roinnt dreamanna eile i gConamara san iarratas ar dheontais - Ionad Dan O'Hara in aice an Chlocháin, ina measc. D'éirigh le Ionad Dan O'Hara deontas láidir a fháil as an gciste ach tugadh droim láimhe don Ollscoil agus do Áras Shorcha Ní Ghuairim i gCarna. Tá sin cruthaithe go soiléir i litir ó Fáilte Ireland chuig an Ollscoil.**

### Ábhar díomú

Ábhar an-mhór diomú é an scéala seo don phobal agus do dhaoine sa bpobal a thug spreagadh don iarracht seo, agus a chur an múnla chun cinn, i dtosach. Ní raibh ionadaithe pobail as Iorras Aithneach ar an eolas go beacht faoin iarratas ar chabhair a chuir an Ollscoil chuig an gCiste Forbartha Turasóireachta, ná faoin modh oibre a bhí i gceist; mar a tharla sé, bhí ceangal déanta le dreamanna eile i gConamara sa scéim.



Tá sé faighte amach againn anois go raibh dhá dhream sa gClochán, chomh maith le Ionad Dan O'Hara in aice an Chlocháin, páirteach san iarracht in éindí le Áras Shorcha Ní Ghuairim. Bhí Gaelsaoire in Údarás na Gaeltachta ag tacú le iarratas Áras Shorcha Ní Ghuairim agus le iarratas Ionad Dan O'Hara. Shínigh na cheithre dhream - ionadaithe na hOllscoile ina measc - cáipéisí i nGaillimh ag aontú go gcuirfeadh siad airgead sa gciste le haghaidh an chéad staidéar.

Bhí Céim a hAon agus Céim a Dó ann. D'éirigh le chuile dhream a bhí páirteach sa "cluster" seo, mar a tugadh air i gCéim a hAon i 2003. Ba ansin a hiarraidh ar na dreamanna uilig - an Ollscoil agus tionscnaimh Áras Shorcha Ní Ghuairim ina measc - iarratas níos iomláine a chur ar fáil, agus roinnt mhaith eolais a chur ar fáil freisin, do Chéim a Dó. Ba é an 5ú Aibreán, 2004 an sprioc dháta le haghaidh an mhór-iarratas ar Chéim a Dó … a tugadh do dhream amháin i gConamara, ar a laghad, a bhí istigh ar na deontais. Dá n-éireodh le dream airgead a fháil as an gciste forbartha turasóireachta áirithe seo, chaithfeadh an t-airgead sin a bheith caite roimh dheireadh 2006.

Admhaíonn dhá dhream sa gClochán nach raibh siad in achmhainn coinneáil leis an iarratas, théis Chéim a hAon.

### Tuairimí an phobail

D'éirigh leis an iarratas ó Ionad Dan O'Hara in aice an Chlocháin agus tá siad ag fáil €731,000 as an gciste seo. Ach, bhí droch-scéal ag an bpobal seo – chuaigh iarratas Áras Shorcha Ní Ghuairim go tóin poill. Chuir na húdaráis thurasóireachta iarratas Áras Shorcha Ní Ghuairim as an gcomhaireamh i lár mí Márta de réir litir a fuair an Ollscoill le gairid. Is trua seo, mar chreid muid i gcónaí go mbeadh an-bhuntáiste ag baint leis an scéim turasóireachta cultúrtha i dteannta na hOllscolaíochta Gaeilge. Bheadh daoine ag triail ar an áit agus bheadh fostaíocht ann. Bheadh an tionscnaimh bunaithe ar an nGaeilge agus ar chultúr na háite. Bhéifí ag súil go dtabharfadh sé neart daoine an bealach agus go gcuideodh sé le eacnamaíocht an cheantair - rud atá ag teastáil go géar.

Bhí Fóram Iorras Aithneach ag tacú go láidir leis an bhforbairt seo agus thug siad chuile chúnamh a d'fhéad siad. Cheadaigh Údarás na Gaeltachta deontas staidéir féidireachta don Ollscoil agus réitíodh plean. Bhí Gaelsaoire in Údarás na Gaeltachta ag tacú leis an bplean. Níl a fhios againn cén fáth ar

socraíodh go gcuirfí an phlean as an gcomhaireamh ach is údar an-mhór diomú é. Idir an dá linn, dúirt lucht na hOllscoile go bhfuil siad ag gníomhú i gcónaí leis an bplean don Áras a chur chun cinn ar bhealach éicint.

### Tigh Dan O'Hara - go n-éirí leo

Ní miste cúpla focal a rá faoi Ionad Dan O'Hara ó tharla iad a bheith luaite againn san alt seo …agus ó tharla aithne mhaith a bheith ar na Breathnaigh - Nóra agus Máirtín - sa bpobal seo. As Leitir Ard ó dhúchas í Nóra, ar ndóigh.

Rinne Nóra agus Máirtín Breathnach forbairt ar Ionad chúig bhliana déag ó shin agus osclaíodh an áit i 1991. Tagann slua mór daoine chuig an Ionad anois. Sé an plean atá acu anois ná 10,000 crann a chur agus iad a dhíol leis an bpobal Gael-Mheiriceánach i gcuimhne ar a sinsear siúd.

Sa gceangal a bhí dá bheartú idir na hionaid seo i gConamara, bheadh Áras Shorcha Ní Ghuairim ar an gcéad áit a dtiocfadh grúpaí turasóirí ann ar a gcamchuairt, agus ghabhfadh siad as sin chomh fada le Ionad Dan O'Hara. Bheadh Ionad amháin ag tabhairt tacaíochta do Ionad eile.

Nuair a d'éirigh leo i gCéim a hAon san iarracht ar chabhair as an scéim turasóireachta seo, bhí ar na Breathnaigh go leor ullmhúcháin a dhéanamh do Chéim a Dó, adeir siad.

Bhí fianaise faoi theideal suímhe ar cheann de na riachtanais; bhí fianaise faoi chead pleanála le cur ar fáil; chaithfeadh socruithe a bheith déanta faoi chúrsaí baince agus airgid; eolas faoin gcaoi a rithfí an áit agus go leor eile. "Chaith muid am agus aimsir ag plé leis", adeir Máirtín Breathnach, "agus ní in aisce a rinneadh go leor don phleanáil", adeir sé. "Ní baileach go raibh chuile short réitithe ar an sprioc dháta san Aibreán seo caite (5/4/2004), ach thug Fáilte Ireland scaithín eile dúinn le mion-dhindiúirí a chur ar fáil", adeir sé. Tugadh an dea-scéala dóibh i mí Iúil. Tá gaisce déanta ag na Breathnaigh arís; bhí orthu obair mhór a dhéanamh cheanna ag cur tús leis an Ionad ar thaobh an tsléibhe i gConamara. D'fheicfeadh go leor daoine go mbeadh buntáiste turasóireacht cultúrtha ann dá mbeadh ceangal ag Carna le Ionad Dan O'Hara, áit a dtugtar léargas ar aimsir an Ghorta agus ar stair na hÉireann.

Faraíor, ar an 24ú Márta, 2004 shocraigh Fáilte Ireland go gcuirfí deireadh go hoifigiúil leis an iarratas a bhain le Áras Shorcha Ní Ghuairim i gCarna. Níl a fhios againn cén fáth. Ba mhaith linn tuairisc a fháil faoi ón Ollscoil nó ó na húdaráis thurasóireachta ó tharla gur thacaigh muid go láidir le Áras Shorcha Ní Ghuairim i gcónaí.


Éisc Uí Fhlatharta Teo.

An Aird Mhóir, Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe
Teil: 095-32208 Fax: 095-32504

FEILMÉIREACHT ÉISC

*An Bradán*

STIÚRTHÓIRÍ:
DARA BEAG Ó FLÁTHARTA,
LIAM Ó FLÁTHARTA

Paddy Keane

*Ó Catháin Teoranta*

CONRAITHEOIR TÓGÁLA

Gabhla

Teileafón agus Facs: 095-31017
Teileafón póca: 086-8251276

# Seaimpín Pheaidí Phaitseach

*le Seosamh Ó Cuaig*

**Tá blianta caite agam ag bailiú eolais faoi Sheaimpín Pheaidí Phaitseach, an lúthchleasaí ba chumasaí a chuaigh amach as an bparóiste seo riamh, is dóichí. Fear caraíochta a bhí ann – duine den triúr nó ceathrar fir charaíochta ab fhearr sa domhan lena linn.**

Leag sé fir faoi agus thairis in Éirinn ina óige. Ansin nuair nach raibh aon duine sa tír seo in ann an ceann ab fhearr a fháil air chuaigh sé go Glasgow (Bhíodh go leor daoine as Iorras Aithneach ag gabháil go Glasgow an uair sin agus blianta ina dhiaidh.) D'éirigh thar barr le Seaimpín Pheaidí Phaitseach sa gcathair sin agus in áiteacha chomh fada ó dheas le Londain. Faoin mbliain 1910 bhí craobh na Breataine Móire bainte amach aige.


I Meiriceá a bhí seaimpíní móra an domhain ag an am agus níorbh fhada go raibh Pat Connolly, mar a thugtaí air, ar a bhealach anonn é féin. Throid sé an chuid ab fhearr acu agus ba mhaith é i gcónaí. Chaith sé seal i Vancouver Cheanada freisin - é sa bhfáinne go minic agus go rímhinic. Bhí sé aitheanta ann mar "The Heavyweight Champion of Canada."





Tá tuairiscí nuachtáin bailithe agam faoi na troideanna ba cháiliúla a bhí aige. Is dóichí nach raibh ceann ar bith acu ba mhó a tharraing caint ná an comhrac tréan a bhí idir é fhéin agus Ed "Strangler" Lewis. Bhuaigh "Strangler" Lewis chúig chraobh an domhain ina dhiaidh sin. Bhuail sé Seaimpín Phaddy Phaitseach freisin an oíche ar casadh ar a chéile iad i Montana ach má bhuail shaothraigh sé é. Sin cé go raibh "Strangler" Lewis deich mbliana níos óige agus cheithre clocha níos troime ná mac Phaddy!

Tá scéalta go leor ann faoin deireadh a bhí ag Seaimpín Phaddy Phaitseach. Dúirt daoine gur nimh a tugadh dhó, dúirt tuilleadh gurbh é an chaoi ar caitheadh é nuair a féachadh leis an traein a raibh sé uirthi a robáil. Dúirt tuilleadh fós gur bean a sháigh sa droim é !



Fuair mé eolas cúpla bliain ó shin gur ag gabháil as Montana go Boston a bhí sé nuair a bhásaigh sé. Bhí iníon ag a dheirfiúr, Barbara, dúirt an bhean seo liom, agus bhí Pat Connolly le ghabháil chun baiste léi.

Rinne mise taighde go leor faoin scéal sin i mBoston. Fuair mé teastas breithe agus teastas baiste an ghasúirín ach níor éirigh liom tada a fháil faoi Phat Connolly. Ní hiontas nach bhfuair mar bhí an t-eolas míchruinn – fuair mé amach ó shin go raibh Pat Connoly beo beathaíoch bliain dár gcionn i mButte i Montana! Bhí gym oscailte aige ann, é ina *phromoter* ar bhabhtaí caraíochta agus dornálaíochta agus alt rialta i gceann de nuachtáin na cathrach faoina ainm i dtaobh "the finer points of wrestling."

Ansin go tobann d'imigh a ainm as na páipéir agus níl tada eile againn faoi. Ach coinneoidh mé orm ag cartadh agus ag cuartú. Cá bhfios fós nach n-éireodh liom críoch a chur le scéal suimiúil a bheatha.

Maidir leis na pictiúir atá anseo, de thimpiste ar bhealach a casadh liom iad. Thug mé faoi deara ar an idirlíon go raibh bailiúchán mór pictiúr ag an "Chicago News" faoi dhaoine agus faoi eachtraí a bhain le tús an chéid seo caite. "Cá bhfios a deirimse, "nach mbeadh Seaimpín Phaddy ann." Chuir mé isteach a ainm agus léim na pictiúir seo amach chugam. Ní raibh an oiread ríméid orm le fada.


# Tigh Gheraghty

**Carna**

**BUNAÍODH IN 1850**

**Ollmhargadh**
**Búistéir Bácáil Baile**
**An LOTTO Náisiúnta**

*Guíonn Mairéad agus Micheál Mac Oireachtaigh Nollaig mhaith agus athbhliain faoi mhaise oraibh uilig.*

**Teileafón: 095-32239 agus 095-32333**

# Adhmad Teo.

Casla, Conamara,
Co. na Gaillimhe.

**KITCHEN UNITS**
•
**CÓFRAÍ**

Troscán de chineálacha eile

Togha na hoibre

**Fón : 091-572290**




Foireann sinsir peile Charna/an Chaisil a d'imir in aghaidh an Chreagáin í gceann de na cluichí móra idir an dá chumann seo í Samhraidh, 2004.
An líne cúil, ó chlé: Dónal Ó Súilleabháin, Dónal Ó Dúbhda, Rónán Ó Cualáin, Niall Ó Cadhain, Concubhar Ó Cadhain, Marcus Mac Fhlannchadha, Micheál Ó Clochartaigh, Beartle Ó Cathasaigh agus Aongus Ó Cualáin.
Chun tosaigh, ó chlé: Éamon Ó Cuinneáin, Val Ó Féinnidh, Colm Ó Loideáin, Séamus Ó Clochartaigh, Micheál Ó Cathasaigh agus Seán Ó Cathasaigh.




Conchubhair Ó Cadhain ag imirt do Charna